Is áis doiciméadúcháin amháin an téacs seo agus níl aon éifeacht dhlíthiúil aige. Ní ghabhann institiúidí an Aontais aon dliteanas orthu féin i leith inneachar an téacs. Is iad na leaganacha de na gníomhartha a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus atá ar fáil ar an suíomh gréasáin EUR-Lex na leaganacha barántúla de na gníomhartha ábhartha, brollach an téacs san áireamh. Is féidir teacht ar na téacsanna oifigiúla sin ach na naisc atá leabaithe sa doiciméad seo a bhrú

►B RIALACHÁN (AE) Uimh. 691/2011 ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 6 Iúil 2011

maidir le Cuntais Eorpacha Eacnamaíocha Chomhshaoil

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

(IO L 192, 22.7.2011, lch. 1)

Arna leasú le:

		Iris Oifigiúil		
		Uimh	Leathanach	Dáta
►M1	Rialachán (AE) Uimh. 538/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014	L 158	113	27.5.2014
►M2	Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/125 ón gCoimisiún an 19 Samhain 2021	L 20	40	31.1.2022
►M3	Rialachán (AE) 2024/3024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024	L 3024	1	6.12.2024

Arna cheartú le:

►C1 Ceartúchán, IO L 77, 23.3.2016, lch. 69 (691/2011)

▼B

RIALACHÁN (AE) Uimh. 691/2011 ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 6 Iúil 2011

maidir le Cuntais Eorpacha Eacnamaíocha Chomhshaoil

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

▼M3

Airteagal 1

Ábhar

Bunaítear leis an Rialachán seo creat comhchoiteann i gcomhair bhailiú, thiomsú, tharchur agus mheastóireacht na gcuntas Eorpach eacnamaíoch comhshaoil, chun críche cuntais eacnamaíocha chomhshaoil a bhunú mar chuntais satailíte ag an gCóras Cuntas Eorpach 2010 (CCE 2010) a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), trí mhodheolaíocht, comhchaighdeáin, comhshainmhínithe, comhaicmithe agus comhrialacha cuntasaíochta a sholáthar atá beartaithe lena n-úsáid chun cuntais eacnamaíocha chomhshaoil a thiomsú.

Rannchuidítear leis an Rialachán seo le faisnéis fhónta a sholáthar maidir le príomhthreochtaí an athraithe comhshaoil, na príomhbhrúnna air agus na príomhghníomhaithe i ndáil leis na hathruithe ar an gcomhshaol agus tacaítear ar an gcaoi sin le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an Aontais maidir lena chuspóirí comhshaoil a leagtar síos i ndlí an Aontais a bhaint amach chomh maith lena ghealltanais comhshaoil.

▼B

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn “astaíocht aeir” sreabh fisiciúil ábhar gásach nó cáithníneach ón ngeilleagar náisiúnta (próisis táirgthe nó tomhaltais) go dtí an t-atmaisféar, (mar chuid den chóras comhshaoil);

(2) ciallaíonn “cáin a bhaineann leis an gcomhshaol” cáin ar aonad fisiciúil é a bhonn cánach (nó seachaonad d’aonad fisiciúil) agus is aonad é sin de ní éigin a bhfuil tionchar cruthaithe, sonrach, diúltach aige ar an gcomhshaol agus ar ní é a shainaithnítear in ►M3 CEC 2010 ◄ mar cháin;

(3) ciallaíonn “cuntais ar shreabhadh ábhar uile-gheilleagair (EW-MFA)” ionchuir ábhar i ngeilleagair náisiúnta, athruithe ar an stoc ábhar laistigh den gheilleagar agus aschuir ábhar go dtí geilleagair eile nó go dtí an comhshaol a thiomsú go comhsheasmhach;

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach san Aontas Eorpach (IO L 174, 26.6.2013, lch. 1).

▼M1

(4) ciallaíonn “caiteachas ar chosaint an chomhshaoil” na hacmhainní eacnamaíocha arna gcaitheamh ag aonaid chónaitheacha ar chosaint an chomhshaoil. Áirítear le cosaint an chomhshaoil gach gníomhaíocht agus beart a bhfuil sé mar phríomhchuspóir leo truailliú agus aon díghrádú eile ar an gcomhshaol a chosc, a laghdú agus a dhíothú. Áirítear leis na gníomhaíochtaí agus na bearta sin na bearta uile a dhéantar chun an comhshaol a athshlánú tar éis a dhíghrádaithe. Eisítear ón sainmhíniú seo gníomhaíochtaí arb é a chomhlíonann siad go príomha riachtanais theicniúla nó ceanglais inmheánacha le haghaidh sláintíochta nó sábháilteachta agus slándála fiontair nó institiúide eile, cé go bhfuil na gníomhaíochtaí sin tairbhiúil don chomhshaol;

(5) ciallaíonn “an earnáil um earraí agus um sheirbhísí comhshaoil” na gníomhaíochtaí táirgthe sin de gheilleagar náisiúnta a ghineann táirgí comhshaoil (earraí agus seirbhísí comhshaoil). Is é is táirgí comhshaoil ann táirgí a táirgeadh ar mhaithe le cosaint an chomhshaoil, de réir mar a thagraítear dóibh i bpointe (4), agus ar mhaithe le bainistiú acmhainní. Áirítear le bainistiú acmhainní an stoc d'acmhainní nádúrtha a chaomhnú, a chothabháil agus a fheabhsú agus, dá bhrí sin, na hacmhainní sin a chosaint i gcoinne a n-ídithe;

(6) ciallaíonn “cuntais ar shreabhadh fisiciúil fuinnimh” tiomsúcháin chomhsheasmhacha de na sreafaí fisiciúla fuinnimh isteach i ngeilleagair náisiúnta, na sreafaí a tharlaíonn laistigh den gheilleagar agus na haschuir chuig geilleagair eile nó chuig an gcomhshaol;

▼M3

(7) ciallaíonn “cuntais fhoraoiseacha” cuntais sócmhainní le haghaidh acmhainní foraoiseacha, lena gcuimsítear coillearnacha agus adhmad ar choillearnach, agus cuntais gníomhaíochta eacnamaíche le haghaidh foraoiseachta agus lománaíochta;

(8) ciallaíonn “fóirdheontais chomhshaoil agus aistrithe dá samhail” aistrithe reatha agus aistrithe caipitil, de réir bhrí CEC 2010, a bhfuil sé beartaithe leo tacú le gníomhaíochtaí lena gcosnaítear an comhshaol agus acmhainní nádúrtha agus táirgí gaolmhara;

(9) ciallaíonn “cuntais éiceachórais” tacar cuntas a cheaptar chun faisnéis chomhsheasmhach a sholáthar maidir le fairsinge agus riocht na n-éiceachóras agus le sreafaí na seirbhísí ó na héiceachórais sin go dtí an córas socheacnamaíoch.

▼B

Airteagal 3

Modúil

1. Déanfar na cuntais eacnamaíocha chomhshaoil atá le tiomsú laistigh den chreat coiteann dá dtagraítear in Airteagal 1 a ghrúpáil sna modúil seo a leanas:

(a) modúl le haghaidh cuntas ar astaíochtaí aeir, mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn I;

(b) modúl le haghaidh cánacha a bhaineann leis an gcomhshaol, de réir gníomhaíochta eacnamaíche, mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn II;

(c) modúl le haghaidh cuntas ar shreabhadh ábhar uile-gheilleagair, mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn III;

▼M1

(d) modúl le haghaidh cuntas ar chaiteachas i leith chosaint an chomhshaoil, mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn IV;

(e) modúl le haghaidh chuntais na hearnála um earraí agus um sheirbhísí comhshaoil, mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn V;

(f) modúl le haghaidh cuntas ar shreabhadh fisiciúil fuinnimh, mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn VI;

▼M3

(g) modúl le haghaidh cuntais fhoraoiseacha, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn VII;

(h) modúl le haghaidh cuntais fóirdheontas comhshaoil agus aistrithe dá samhail, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII;

(i) modúl le haghaidh cuntais éiceachórais, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IX.

▼B

2. Beidh an fhaisnéis seo a leanas i ngach Iarscríbhinn:

(a) na cuspóirí a bhfuil na cuntais le tiomsú ina leith;

(b) an méid atá cumhdaithe sna cuntais;

(c) liosta na saintréithe a bhfuil sonraí le tiomsú agus le tarchur ina leith;

(d) an chéad bhliain tagartha, an mhinicíocht agus na spriocanna tarchuir le haghaidh thiomsú na gcuntas;

(e) na táblaí tuairiscithe;

(f) uasré na n-idirthréimhsí dá dtagraítear in Airteagal 8 a bhféadfadh an Coimisiún maoluithe a dheonú lena linn.

▼M3

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9 i gcás inar gá sin chun forbairtí comhshaoil, eacnamaíocha agus teicniúla a chur san áireamh chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) an Rialachán seo a fhorlíonadh trí threoraíocht mhodheolaíoch a sholáthar;

(b) Iarscríbhinní I go VI a leasú maidir leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 2, pointí (c), (d) agus (e);

(c) Iarscríbhinní VII, VIII agus IX a leasú maidir leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 2, pointí (c), (d) agus (e), ar choinníoll:

(i) nach ndéantar níos mó ná 4 shaintréith a leasú ar an liosta saintréithe dá dtagraítear i mír 2, pointe (c), le haghaidh gach Iarscríbhinn gach 3 bliana; agus

(ii) nach ndéantar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2, pointe (d), a leasú ach amháin chun an chéad bhliain tagartha, an mhinicíocht agus na spriocdhátaí tarchuir a leagan amach d'aon saintréithe breise a chuirtear isteach.

▼M3

Le linn dó a chumhacht a fheidhmiú de bhun na míre seo, áiritheoidh an Coimisiún nach gcuirfidh a ghníomhartha tarmligthe ualach suntasach breise ar na Ballstáit ná ar na freagróirí. Tabharfaidh an Coimisiún údar cuí lena ngníomhartha tarmligthe.

▼M1

4. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9 chun na táirgí fuinnimh dá dtagraítear i Roinn 3 d'Iarscríbhinn VI a shonrú, bunaithe ar na liostaí a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

Ní dhéanfaidh gníomhartha tarmligthe den sórt sin ualach suntasach breise a chur ar na Ballstáit nó ar na freagróirí. Nuair a bheidh na liostaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír á mbunú agus, ina dhiaidh sin, á nuashonrú ag an gCoimisiún, tabharfaidh sé réasúnú cuí do na gníomhaíochtaí, á úsáid dó, i gcás inarb iomchuí, ionchur ó shaineolaithe ábhartha maidir le hanailís chost-éifeachtúlachta, lena n-áirítear measúnú ar an ualach ar fhreagróirí agus ar chostais táirgthe.

5. Chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach Iarscríbhinn V a éascú, déanfaidh an Coimisiún, faoin 31 Nollaig 2015, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, coimre tháscach de na hearraí agus seirbhísí comhshaoil agus de na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bheidh cuimsithe ag Iarscríbhinn V a bhunú, bunaithe ar na catagóirí seo a leanas: seirbhísí a bhaineann go sonrach leis an gcomhshaol, táirgí de chuspóir comhshaoil amháin (táirgí bainteacha), earraí oiriúnaithe agus teicneolaíochtaí comhshaoil. Déanfaidh an Coimisiún an choimre sin a nuashonrú de réir mar is gá.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11(2).

▼B

Airteagal 4

▼M3

Staidéir phíolótacha agus staidéir indéantachta

1. Déanfaidh an Coimisiún clár a dhréachtú le haghaidh staidéir phíolótacha agus staidéir indéantachta a bheidh le déanamh ag na Ballstáit ar bhonn deonach chun an tuairisciú a fhorbairt agus cáilíocht na sonraí a fheabhsú, sraitheanna ama fada a bhunú agus an mhodheolaíocht a fhorbairt. Áireofar sa chlár staidéir phíolótacha chun tástáil a dhéanamh ar na modúil nua chuntas eacnamaíoch comhshaoil. Agus an clár á tharraingt suas, tabharfaidh an Coimisiún aird ar leith ar mhodúil lena dtáirgtear sonraí maidir le fóirdheontais fuinnimh, lena n-áirítear fóirdheontais do bhreoslaí iontaise, agus áiritheoidh sé nach gcuirtear aon ualaí breise riaracháin ná airgeadais ar na Ballstáit ná ar na freagróirí.

▼B

2. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar thorthaí na staidéar piolóta agus déanfaidh sé iad a fhoilsiú, agus na sochair a bhaineann le fáil a bheith ar shonraí i ndáil le costas bailithe agus a bhaineann leis an ualach riaracháin a bhaineann le freagairtí a thabhairt á gcur san áireamh. Cuirfear na torthaí seo san áireamh sna tograí le haghaidh modúl nua cuntas comhshaoil a thabhairt isteach, ar tograí iad a fhéadfaidh an Coimisiún a chur isteach sa tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 10.

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2008 maidir le staidreamh i dtaca le fuinneamh (IO L 304, 14.11.2008, lch. 1).

▼M3

3. De bhreis ar an gclár le haghaidh staidéir phíolótacha agus staidéir indéantachta, déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) faoin 27 Meitheamh 2026, i gcomhar leis na Ballstáit, measúnú ar na féidearthachtaí modheolaíochta agus ar indéantacht na luachála airgeadaíochta, ar luachanna tuairiscithe féideartha i gcás ina bhfuil na luachanna sin ar iarraidh agus ar bhealaí malartacha féideartha chun cuntais seirbhísí éiceachórais a thomhas, agus caighdeáin idirnáisiúnta Chóras na gCuntas Eacnamaíoch-Comhshaoil – Cuntasaíocht Éiceachórais (CCEC-CE) á gcur san áireamh. Bunaithe ar thorthaí na scrúduithe agus na staidéar sin, féadfaidh an Coimisiún togra reachtach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle lena leasófar an Rialachán seo chun cuntais an éiceachórais airgeadaíochta a chur san áireamh.

▼B

Airteagal 5

Sonraí a bhailiú

1. I gcomhréir leis na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo, baileoidh na Ballstáit na sonraí is gá chun na saintréithe dá dtagraítear in Airteagal 3(2)(c) a bhreathnú.

2. Baileoidh na Ballstáit na sonraí is gá trí theaglam de chuid na bhfoinsí éagsúla a shonraítear thíos a úsáid, agus cuirfear prionsabal an tsimplithe riaracháin i bhfeidhm:

(a) suirbhéanna;

(b) nósanna imeachta um meastachán staidrimh i gcásanna nár breathnaíodh cuid de na saintréithe le haghaidh na n-aonad ar fad;

(c) foinsí riaracháin;

▼M3

(d) aon fhoinsí ábhartha, modhanna ábhartha nó cineálacha nuálacha cur chuige ábhartha eile a mhéid a cheadaítear leo cuntais eacnamaíocha chomhshaoil a tháirgeadh atá inchomparáide agus atá i gcomhréir leis na saincheanglais cháilíochta is infheidhme.

Na Ballstáit a chinneann úsáid a bhaint as na foinsí, na modhanna nó na cuir chuige nuálacha dá dtagraítear i bpointe (d), cuirfidh siad an Coimisiún (Eurostat) ar an eolas a luaithe is féidir roimh dheireadh na bliana roimh chur chun feidhme an mhodha agus cuirfidh siad mionsonraí ar fáil a bhaineann le cáilíocht na sonraí a fhaightear.

▼B

3. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas agus soláthróidh siad mionsonraí maidir leis na modhanna agus na foinsí a úsáideadh.

Airteagal 6

Tarchur chuig an gCoimisiún (Eurostat)

1. Déanfaidh Ballstáit na sonraí atá leagtha amach sna hIarscríbhinní, lena n-áirítear na sonraí rúnda, a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat) laistigh de na teorainneacha ama atá sonraithe sna hIarscríbhinní sin.

▼B

2. Tarchuirfear na sonraí i bhformáid theicniúil chuí, atá le leagan síos ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11(2).

Airteagal 7

Measúnú cáilíochta

1. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na critéir cháilíochta dá dtagraítear in Airteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 maidir leis na sonraí atá le tarchur.

2. Déanfaidh Ballstáit tuarascáil ar cháilíocht na sonraí arna dtarchur a sholáthar don Choimisiún (Eurostat).

3. Le linn na critéir cháilíochta dá dtagraítear i mír 1 a chur i bhfeidhm maidir leis na sonraí a chumhdaítear faoin Rialachán seo, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme d'fhonn modhanna, struchtúr agus tréimhsiúlacht na dtuarascálacha cáilíochta a shainiú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11(2).

4. Déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) cáilíocht na sonraí arna dtarchur a mheasúnú agus féadfaidh sé, laistigh d'aon mhí amháin tar éis na sonraí a fháil, iarraidh ar an mBallstát i dtrácht faisnéis bhreise maidir leis na sonraí nó tacar sonraí athbhreithnithe a thíolacadh, de réir mar is iomchuí.

▼M3

Airteagal 8

Maoluithe

1. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun maoluithe a dheonú do na Ballstáit a mhéid a bheidh gá le hoiriúnuithe móra ar na córais staidrimh náisiúnta. Féadfar maoluithe a dheonú ó na hIarscríbhinní le linn na hidirthréimhse dá dtagraítear iontu. Féadfar maoluithe a dheonú freisin ó na bearta cur chun feidhme agus ó na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo. Féadfar na maoluithe sin a dheonú ar feadh uastréimhse 2 bhliain. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11(2).

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír den mhír seo maidir le hathruithe a eascraíonn as modhnuithe ar aicmithe agus ainmníochtaí nó as athruithe ar chreataí cuntasaíochta na gcuntas náisiúnta agus réigiúnach i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 549/2013.

2. Chun maolú a fháil ar Iarscríbhinní VII, VIII agus IX faoi mhír 1, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann iarraidh chuí-réasúnaithe faoi bhráid an Choimisiúin faoin 27 Nollaig 2026. Chun maolú a fháil faoi mhír 1 ar bhearta cur chun feidhme nó ar ghníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo, ar bearta nó gníomhartha iad a thagann i bhfeidhm tar éis an 26 Nollaig 2024, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann iarraidh chuí-mhínithe faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 3 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an bhirt nó an ghnímh lena mbaineann.

▼M3

Airteagal 8a

Maoiniú

1. Chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, déanfaidh an tAontas tacaíocht airgeadais a sholáthar ó Chlár an Mhargaidh Aonair arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/690 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) do na hinstitiúidí náisiúnta staidrimh agus údaráis náisiúnta eile dá dtagraítear in Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009, le haghaidh an méid seo a leanas:

(a) modheolaíochtaí a fhorbairt do staidreamh faoin Rialachán seo, lena n-áirítear rannpháirtíocht na mBallstát sna staidéir phíolótacha agus staidéir indéantachta dá dtagraítear in Airteagal 4;

(b) cáilíocht staidrimh na gcuntas a fheabhsú, go háirithe chun próisis a fhorbairt nó a fheabhsú, lena n-áirítear réitigh atá bunaithe ar an digitiú a bhfuil sé d'aidhm leo staidreamh ar cháilíocht níos airde a tháirgeadh;

(c) tráthúlacht na gcuntas a fheabhsú agus an t-ualach riaracháin agus tuairiscithe a laghdú.

2. Bunófar méid na ranníocaíochta airgeadais ón Aontas faoin Airteagal seo i gcomhréir le rialacha Chlár an Mhargaidh Aonair mar chuid den nós imeachta buiséadach bliantúil, faoi réir infhaighteacht an chistithe. Cinnfidh an t-údarás buiséadach an leithreasú a bheidh ar fáil gach bliain.

3. Chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, féadfar ranníocaíocht airgeadais a chur ar fáil freisin do na hinstitiúidí náisiúnta staidrimh agus údaráis náisiúnta eile dá dtagraítear in Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó chláir airgeadais infheidhme eile de chuid an Aontais i gcomhréir le rialacha clár den sórt sin.

Airteagal 9

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3(3) agus (4) agus in Airteagal 10 ar feadh tréimhse 5 bliana ón 11 Lúnasa 2011. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 3(3) agus (4) agus in Airteagal 10 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

([1]) Rialachán (AE) 2021/690 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár don mhargadh inmheánach, d'iomaíochas fiontar, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, do réimse na bplandaí, na n-ainmhithe, an bhia agus na beatha, agus don staidreamh Eorpach (Clár an Mhargaidh Aonair) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 99/2013, (AE) Uimh. 1287/2013, (AE) Uimh. 254/2014 agus (AE) Uimh. 652/2014 (IO L 153, 3.5.2021, lch. 1).

▼M3

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 3(3) nó (4) nó Airteagal 10 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 9a

Tairseach Sonraí Staidrimh na gCuntas Eacnamaíoch Comhshaoil (“an Deais”)

1. Bunóidh an Coimisiún (Eurostat) Tairseach Sonraí Staidrimh na gCuntas Eacnamaíoch Comhshaoil (“an Deais”), ina mbeidh achoimre shothuigthe idirghníomhach ar na príomhtháscairí ó chuntais eacnamaíocha chomhshaoil.

Taispeánfar ar an tairseach sonraí na sonraí arna soláthar ag na Ballstáit i ngach ceann de na modúil a leagtar amach sa Rialachán seo agus maidir leis an infheistíocht i dtaca le maolú ar an athrú aeráide dá dtagraítear in Airteagal 10, an ceathrú mír.

2. Beidh an tairseach sonraí oibríochtúil faoin 31 Nollaig 2024 agus tabharfaidh an Coimisiún (Eurostat) cothrom le dáta í uair sa bhliain. Déanfar an tairseach sonraí a chur ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin Eurostat.

▼B

Airteagal 10

Tuarascáil agus athbhreithniú

Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 31 Nollaig 2013 agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin. Leis an tuarascáil sin déanfar meastóireacht go háirithe ar cháilíocht na sonraí arna dtarchur, ar na modhanna bailithe sonraí, ar an ualach riaracháin atá ar na Ballstáit agus ar na haonaid is freagróirí, mar aon le hindéantacht agus le héifeachtacht an staidrimh sin chomh maith.

Déanfar an méid seo a leanas a chur i dteannta na tuarascála, más iomchuí sin, agus na torthaí dá dtagraítear in Airteagal 4(2) á gcur san áireamh:

▼M3

— tograí chun modúil nua cuntas eacnamaíoch comhshaoil a thabhairt isteach, amhail cuntais uisce (cáilíochtúil agus cainníochtúil), cuntais ar chaiteachas i leith bainistiú acmhainní, fóirdheontais nó bearta tacaíochta a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don chomhshaol agus cuntais dramhaíola;

▼B

— tograí atá ceaptha chun cáilíocht sonraí agus modhanna bailithe sonraí a fheabhsú tuilleadh, ionas go ndéantar ar an tslí sin cumhdach agus inchomparáideacht na sonraí a fheabhsú agus an t-ualach riaracháin atá ar ghnó agus ar riarachán a laghdú.

▼M3

Faoin 31 Nollaig 2024 agus gach 2 bhliain ar a laghad ina dhiaidh sin, eiseoidh an Coimisiún (Eurostat) foilseachán digiteach ina mbeidh sonraí agus staidreamh maidir le maolú ar an athrú aeráide, lena n-áirítear infheistíochtaí, arna dtiomsú ó na sonraí ábhartha atá ar fáil ó mhodúil na gcuntas eacnamaíoch comhshaoil agus, i gcás inarb iomchuí, ó fhoinsí sonraí eile.

Ba cheart don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9 chun Iarscríbhinn V, Roinn 3, a leasú, de réir mar is iomchuí, chun saintréithe a chuimsiú maidir le hinfheistíochtaí eile i dtaca le maolú ar an athrú aeráide. Leis na sonraí a áirítear san fhoilseachán digiteach dá dtagraítear sa tríú mír den Airteagal seo, soláthrófar miondealú ar na sonraí sin in aghaidh an Bhallstáit, lena n-áirítear maidir le hinfheistíochtaí, agus cumhdófar gach earnáil den gheilleagar agus de ghníomhaíochtaí.

Faoin an 27 Nollaig 2026, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar cháilíocht na sonraí atá ar fáil maidir le fóirdheontais fuinnimh, lena n-áirítear fóirdheontais do bhreoslaí iontaise, maidir le hoiriúnú don athrú aeráide agus maidir le huisce agus, i gcás inarb iomchuí, cuirfidh sé togra reachtach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun modúil nua cuntas eacnamaíoch comhshaoil a thabhairt isteach le haghaidh fóirdheontais fuinnimh, lena n-áirítear fóirdheontais do bhreoslaí iontaise; oiriúnú don athrú aeráide, lena n-áirítear caiteachas air, agus le haghaidh cuntais uisce.

▼B

Airteagal 11

Coiste

1. Déanfaidh an Coiste um an gCóras Staidrimh Eorpach arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 12

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 20ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

▼B

IARSCRÍBHINN I

MODÚL LE hAGHAIDH CUNTAS AR ASTAÍOCHTAÍ AEIR

Roinn 1

CUSPÓIRÍ

Le cuntais ar astaíochtaí aeir, déantar sonraí ar astaíochtaí aeir a thaifeadadh agus a thíolacadh ar shlí atá comhoiriúnach do chóras na gcuntas náisiúnta. Déantar astaíochtaí aeir na ngeilleagar náisiúnta a thaifeadadh leo, agus déantar na hastaíochtaí sin a mhiondealú leo de réir gníomhaíochtaí astaithe eacnamaíocha mar atá sonraithe in ►M3 CEC 2010 ◄. Cumhdaítear táirgeadh agus tomhaltas i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha.

Sainítear san Iarscríbhinn seo na sonraí atá le bailiú, le tiomsú agus le tarchur ag na Ballstáit le haghaidh na gcuntas ar astaíochtaí aeir, mar aon leis na sonraí a bhfuil meastóireacht le déanamh orthu ag na Ballstáit chuige sin. Forbrófar na sonraí sin ar shlí lena nascfar astaíochtaí leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha táirgthe agus tomhaltais de chuid na dtionscal agus na dteaghlach. Comhcheanglófar na sonraí maidir le hastaíochtaí díreacha, ar sonraí iad a thuairiscítear faoin Rialachán seo, leis na táblaí ionchuir-aschuir eacnamaíoch, leis na táblaí soláthair agus úsáide agus leis na sonraí faoi thomhaltas teaghlaigh, ar sonraí iad sin a thuairiscítear cheana don Choimisiún (Eurostat) mar chuid de thuairisciú ►M3 CEC 2010 ◄.

Roinn 2

CUMHDACH

Tá na teorainneacha córais céanna ag cuntais ar astaíochtaí aeir agus atá ag ►M3 CEC 2010 ◄, agus tá siad bunaithe ar phrionsabal an chónaithe freisin.

I gcomhréir le ►M3 CEC 2010 ◄, tá coincheap an chónaithe bunaithe ar an bprionsabal seo a leanas: deirtear gurb ionann aonad agus aonad cónaitheach tíre nuair atá lárionad leasa eacnamaíoch an aonaid i gcríoch eacnamaíoch na tíre sin, is é a rá, nuair a bhíonn sé ag gabháil do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha ar feadh tréimhse fadaithe (bliain amháin nó níos mó) sa chríoch sin.

Le cuntais ar astaíochtaí aeir, déantar astaíochtaí a eascraíonn as gníomhaíochtaí gach aonaid chónaithigh a thaifeadadh, gan spleáchas don áit as a dtagann na hastaíochtaí sin go geografach.

Le cuntais ar astaíochtaí aeir, déantar sreafaí ábhar gásach iarmharach agus ábhar cáithníneach iarmharach de thionscnamh an gheilleagair náisiúnta agus a shreabhann isteach san atmaisféar a thaifeadadh. Chun críche an Rialacháin seo, tagraítear leis an téarma “atmaisféar” do chomhpháirt an chórais comhshaoil. Baineann teorainn an chórais leis an líne teorann idir an geilleagar náisiúnta (mar chuid den chóras eacnamaíoch) agus an t-atmaisféar (mar chuid den chóras comhshaoil). Tar éis teorainn an chórais a thrasnú, níl na substaintí astaithe faoi smacht daonna a thuilleadh agus tagann siad chun bheith ina gcuid de thimthriallacha na n-ábhar nádúrtha agus féadfaidh siad a bheith ina gcúis le roinnt cineál iarmhairtí comhshaoil.

▼M2

Roinn 3

LIOSTA NA SAINTRÉITHE

Soláthróidh na Ballstáit staidreamh maidir le hastaíochtaí na dtruailleán aeir seo a leanas:

Ainm	**Siombail**	Aonad tuairiscithe
Dé-ocsaíd charbóin gan astaíochtaí ó bhithmhais	CO_2	1 000 tona (Gg)
Dé-ocsaíd charbóin ó bhithmhais	Bithmhais CO_2	1 000 tona (Gg)

▼M2

Ainm	Siombail	Aonad tuairiscithe
Ocsaíd nítriúil	N2O	tonaí (Mg)
Meatán	CH_4	tonaí (Mg)
Sárfhluaracarbóin	PFCanna	tonaí (Mg) coibhéisí CO_2
Hidreafluaracarbóin	HFCanna	tonaí (Mg) coibhéisí CO_2
Heicseafluairíd sulfair agus trífhluairíd nítrigine	SF_6 NF_3	tonaí (Mg) coibhéisí CO_2
Ocsaídí nítrigine	NOX	tonaí (Mg) coibhéisí NO2
Comhdhúile orgánacha so-ghalaithe neamh-mheatáin	NMVOCanna	tonaí (Mg)
Aonocsaíd charbóin	CO	tonaí (Mg)
Ábhar cáithníneach < 10 µm	PM10	tonaí (Mg)
Ábhar cáithníneach < 2,5 µm	PM2,5	tonaí (Mg)
Ocsaídí sulfair	SO_X	tonaí (Mg) coibhéisí SO_2
Amóinia	NH3	tonaí (Mg)

Tuairisceofar na sonraí uile go dtí an chéad ionad deachúlach.

▼B

Roinn 4

AN CHÉAD BHLIAIN TAGARTHA, AN MHINICÍOCHT AGUS NA SPRIOCDHÁTAÍ TARCHURTHA

1. Déanfar an staidreamh a thiomsú agus a tharchur ar bhonn bliantúil.

2. Déanfar an staidreamh a tharchur laistigh de 21 mí ó dheireadh na bliana tagartha.

3. Chun riachtanais na n-úsáideoirí le haghaidh tacair shonraí atá críochnúil agus tráthúil a shásamh, cuirfidh an Coimisiún (Eurostat) meastacháin d'iomláin an AE-27 ar fáil do phríomh-chomhiomláin an mhodúil sin chomh luath is a bheidh sonraí leordhóthanacha i ndáil le tíortha ar fáil. Déanfaidh an Coimisiún (Eurostat), i ngach cás inar féidir, meastacháin i ndáil le sonraí nach bhfuil tarchurtha ag na Ballstáit laistigh den sprioc a shonraítear i bpointe 2 a tháirgeadh agus a fhoilsiú.

4. Is é an chéad bhliain tagartha an bhliain ina dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm.

5. Sa chéad tarchur sonraí, áireoidh na Ballstáit freisin sonraí bliantúla ó 2008 go dtí an chéad bhliain tagartha.

6. I gcás gach tarchuir sonraí chuig an gCoimisiún ina dhiaidh sin, soláthróidh na Ballstáit sonraí bliantúla le haghaidh na mblianta n-4, n-3, n-2, n-1 agus n, i gcás inarb ionann n agus an bhliain tagartha.

▼M2

Roinn 5

TÁBLAÍ TUAIRISCITHE

1. I gcás gach ceann de na saintréithe dá dtagraítear i Roinn 3, soláthrófar sonraí trí na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a aicmiú de réir ordlathais, is é sin le rá NACE Rev. 2 (leibhéal comhiomlán A*64), a bheidh comhoiriúnach go hiomlán le ►M3 CEC 2010 ◄. Chomh maith leis sin, soláthrófar sonraí le haghaidh an mhéid seo a leanas:

▼M2

— Astaíochtaí aeir a thagann ó theaghlaigh,

— Ítimí nasctha. is é sin le rá ítimí tuairiscithe lena réitítear go soiléir na difríochtaí idir na cuntais ar astaíochtaí aeir arna dtuairisciú faoin Rialachán seo agus na sonraí sin arna dtuairisciú sna fardail oifigiúla náisiúnta maidir le hastaíochtaí aeir.

2. Is mar seo a leanas atá an t-aicmiú de réir ordlathais dá dtagraítear i mír 1:

Astaíochtaí aeir de réir tionscail — NACE Rev. 2 (A*64)

Astaíochtaí aeir a thagann ó theaghlaigh

— Iompar

— Téamh/Fuarú

— Eile

Ítimí nasctha

Iomlán na gcuntas ar astaíochtaí aeir (gníomhaíochtaí táirgeachta + teaghlaigh) i gcás gach ceann de na saintréithe dá dtagraítear i Roinn 3

Lúide na cónaitheoirí náisiúnta atá thar lear

— Soithigh iascaireachta náisiúnta a oibríonn thar lear

— Iompar de thalamh

— Iompar ar uisce

— Aeriompar

Móide neamhchónaitheoirí ar an gcríoch

+ Iompar de thalamh

+ Iompar d'uisce

+ Iompar d'aer

(+ nó –) Coigeartuithe eile agus neamhréireachtaí staidrimh

= Iomlán na n-astaíochtaí de thruailleán X mar a thuairiscítear do UNFCCC ([1])/CLRTAP ([2])

▼B

Roinn 6

UASRÉ NA nIDIRTHRÉIMHSÍ

Maidir le cur chun feidhme fhorálacha na hIarscríbhinne seo, is é 2 bhliain ón gcéad spriocdháta tarchurtha uasré na hidirthréimhse.

([1]) Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide.
([2]) An Coinbhinsiún maidir le hAerthruailliú Trasteorann Fadraoin.

▼B

IARSCRÍBHINN II

MODÚL LE hAGHAIDH CÁNACHA A BHAINEANN LEIS AN gCOMHSHAOL, DE RÉIR GNÍOMHAÍOCHTA EACNAMAÍCHE

Roinn 1

CUSPÓIRÍ

Leis an staidreamh maidir le cánacha a bhaineann leis an gcomhshaol, déantar sonraí a thaifeadadh agus a thíolacadh, agus an méid sin á dhéanamh ó thaobh pheirspictíocht na n-eintiteas a íocann na cánacha, agus déantar an méid sin ar shlí a luíonn go hiomlán leis na sonraí a thuairiscítear faoi ►M3 CEC 2010 ◄. Déantar ioncam cánach na ngeilleagar náisiúnta, ar ioncaim é a bhaineann leis an gcomhshaol, a thaifeadadh leo de réir gníomhaíochta eacnamaíche. Cumhdaítear táirgeadh agus tomhaltas le gníomhaíochtaí eacnamaíocha.

Sainítear san Iarscríbhinn seo na sonraí atá le bailiú, le tiomsú, le tarchur, agus a bhfuil meastóireacht le déanamh ag na Ballstáit orthu, maidir le hioncaim chánach a bhaineann leis an gcomhshaol, de réir gníomhaíochta eacnamaíche.

Féadtar, leis an staidreamh cánach a bhaineann leis an gcomhshaol, úsáid a bhaint go díreach as an staidreamh cánach agus as staidreamh maidir le hairgeadas rialtais, ach tá roinnt buntáistí ann ag baint le húsáid na sonraí cánach a thuairiscítear faoi ►M3 CEC 2010 ◄ más féidir é sin.

Bunaítear an staidreamh cánach a bhaineann leis an gcomhshaol ar na suimeanna arna bhfianú le measúnuithe agus dearbhuithe nó le fáltais airgid arna gcoigeartú de réir ama, chun comhsheasmhacht le ►M3 CEC 2010 ◄ a áirithiú agus chun inchomparáideacht idirnáisiúnta a fheabhsú.

Áirítear chomh maith in ►M3 CEC 2010 ◄ faisnéis i dtaobh cén tionscadail agus cén earnálacha a íocann na cánacha. Féadtar teacht ar fhaisnéis maidir le cánacha a thuairiscítear faoi ►M3 CEC 2010 ◄ sna cuntais earnála institiúideacha agus sna táblaí soláthair agus úsáide.

Roinn 2

CUMHDACH

Tá na teorainneacha córais céanna ag cánacha a bhaineann leis an gcomhshaol agus atá ag ►M3 CEC 2010 ◄, agus is ionann na cánacha sin agus íocaíochtaí éigeantacha, gan chomaoin, in airgead tirim nó i gcomhchineál, arna dtobhach ag rialtas ginearálta nó ag institiúidí an Aontais.

Tagann na cánacha a bhaineann leis an gcomhshaol faoi réim na gcatagóirí ►M3 CEC 2010 ◄ seo a leanas:

— cánacha ar tháirgeadh agus ar allmhairí (D.2),

— cánacha reatha ar ioncam, ar rachmas, etc. (D.5),

— cánacha caipitiúla (D.91).

▼M2

Roinn 3

LIOSTA NA SAINTRÉITHE

Soláthróidh na Ballstáit staidreamh maidir le cánacha a bhaineann leis an gcomhshaol de réir na saintréithe seo a leanas:

— cánacha fuinnimh,

— cánacha iompair,

— cánacha truaillithe,

— cánacha acmhainne,

Tuairisceoidh na Ballstáit freisin, mar shaintréith ar leith, maidir le hioncam cánach an rialtais arna thaifeadadh sa Chóras Cuntas Eorpach a mhéid a bhaineann lena rannpháirtíocht i gCóras Trádála Astaíochtaí an Aontais.

▼M2

Tuairisceoidh na Ballstáit freisin, mar shaintréith ar leith, maidir le cánacha eile a bhaineann leis an gcomhshaol ar áiríodh iad sna cánacha iomlána ar fhuinneamh, ar iompar, ar thruailliú nó ar acmhainní agus a ghearrtar ar chion carbóin breoslaí (cánacha eile CO_2).

Tuairisceofar na sonraí uile san airgeadra náisiúnta de réir milliúin.

Roinn 4

AN CHÉAD BHLIAIN TAGARTHA, AN MHINICÍOCHT AGUS NA SPRIOCDHÁTAÍ TARCHURTHA

1. Déanfar an staidreamh a thiomsú agus a tharchur ar bhonn bliantúil.

2. Déanfar an staidreamh a tharchur laistigh de 16 mhí ó dheireadh na bliana tagartha. Beidh feidhm aige seo ón mbliain tagartha 2020.

3. Chun riachtanais úsáideoirí le haghaidh tacair shonraí atá críochnúil agus tráthúil a shásamh, soláthróidh an Coimisiún (Eurostat) meastacháin i leith iomláin AE-27 do phríomh-chomhiomláin an mhodúil seo, agus sin chomh luath agus a bheidh sonraí leordhóthanacha ar fáil i ndáil le tíortha. Déanfaidh an Coimisiún (Eurostat), i ngach cás inar féidir, meastacháin i ndáil le sonraí nach bhfuil tarchurtha ag na Ballstáit laistigh den sprioc a shonraítear i bpointe 2 a sholáthar agus a fhoilsiú.

4. Is é 2020 an chéad bhliain tagartha.

5. Le gach tarchur sonraí chuig an gCoimisiún, soláthróidh na Ballstáit sonraí bliantúla le haghaidh na mblianta n-4, n-3, n-2, n-1 agus n, i gcás inarb ionann n agus an bhliain tagartha. Féadfaidh na Ballstáit aon sonraí atá ar fáil le haghaidh na mblianta roimh 2016 a sholáthar.

▼B

Roinn 5

TÁBLAÍ TUAIRISCITHE

I gcás gach ceann de na saintréithe dá dtagraítear i Roinn 3, tuairisceofar sonraí ó thaobh pheirspictíocht na n-eintiteas a íocann na cánacha.

I gcás táirgeoirí, tuairisceofar sonraí i bhfoirm miondealaithe de réir aicmithe ordlathais na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha, is é sin le rá NACE Rev.2 (leibhéal comhiomlánaithe A*64 mar a leagtar amach in ►M3 CEC 2010 ◄).

I gcás tomhaltóirí, tuairisceofar sonraí i leith na nithe seo a leanas:

— teaghlaigh,

— neamhchónaitheoirí.

I gcás nach féidir an cháin a chur i leith ceann amháin de na grúpaí gníomhaíochtaí thuasluaite, tuairisceofar na sonraí mar shonraí nach ndearnadh cionroinnt ina leith.

Roinn 6

UASRÉ NA nIDIRTHRÉIMHSÍ

Maidir le cur chun feidhme fhorálacha na hIarscríbhinne seo, is é 2 bhliain ón gcéad spriocdháta tarchurtha, uasré na hidirthréimhse.

▼B

IARSCRÍBHINN III

MODÚL LE hAGHAIDH CUNTAS AR SHREABHADH ÁBHAR UILE-GHEILLEAGAIR (EW-MFA)

Roinn 1

CUSPÓIRÍ

Le EW-MFA, déantar gach ábhar soladach, gásach agus leachtach a chumhdach, seachas sreafaí aeir agus uisce, arna dtomhas in aonaid mhaise in aghaidh na bliana. Dála chóras na gcuntas náisiúnta, tá dhá phríomhchuspóir ag gabháil le EW-MFA. Soláthraítear le sreafaí ábhair mionsonraithe bunachar sonraí saibhir eimpíreach le haghaidh staidéar anailíseach iomadúil. Úsáidtear iad freisin chun táscairí éagsúla maidir le sreabhadh ábhair uile-gheilleagair a thiomsú le haghaidh geilleagar náisiúnta.

Sainítear san Iarscríbhinn seo na sonraí atá le bailiú, le tiomsú, le tarchur, agus a bhfuil meastóireacht le déanamh orthu, ag na Ballstáit le haghaidh EW-MFA.

Roinn 2

CUMHDACH

Tá an t-idirdhealú idir stoic agus sreafaí ina bhunphrionsabal de chuid an chórais um shreabhadh ábhar. Go ginearálta, is athróg é sreabhadh lena dtomhaistear cainníocht áirithe in aghaidh tréimhse ama, ach is éard is stoc ann ná athróg lena dtomhaistear cainníocht ag pointe áirithe ama. Is coincheap sreabha é EW-MFA. Tomhaistear leis sreafaí ionchuir ábhair agus aschuir ábhair agus athruithe ar an stoc laistigh den gheilleagar in aonaid mhaise in aghaidh na bliana.

Tá EW-MFA comhsheasmhach le prionsabail chóras na gcuntas náisiúnta, amhail prionsabal an chónaithe. Áirítear leis sreafaí ábhair a bhaineann le gníomhaíochtaí gach aonaid chónaithigh ar fad atá i ngeilleagar náisiúnta, gan spleáchas do shuíomh geografach na n-aonad sin.

In EW-MFA, tá dhá chineál sreafaí ábhair thar theorainneacha córais atá ábhartha:

1. sreafaí ábhair idir an geilleagar náisiúnta agus a thimpeallacht nádúrtha. Is ionann sin agus eastóscadh ábhar (i.e., amhábhair, garbhábhair, ógh-ábhair) ón gcomhshaol nádúrtha agus sceitheadh ábhar (dá ngairtear iarmharaigh go minic) isteach sa chomhshaol nádúrtha;

2. sreafaí ábhair idir an geilleagar náisiúnta agus an chuid eile de gheilleagar an domhain. Áirítear allmhairí agus onnmhairí leis seo.

Áirítear in EW-MFA na sreafaí go léir a thrasnaíonn na teorainneacha córais sin, mar aon leis na méideanna a chuirtear le stoic de dhéantús an duine. Ní léirítear aon sreafaí ábhair eile laistigh den gheilleagar in EW-MFA. Ciallaíonn sé sin go ndéantar plé sa EW-MFA leis an ngeilleagar náisiúnta ina iomláine agus nach ndéantar, mar shampla, cur síos ar sheachadtaí táirgí idir thionscail. Ar an tslí chéanna, déantar sreafaí nádúrtha laistigh den chomhshaol nádúrtha a eisiamh chomh maith.

▼B

Roinn 3

LIOSTA NA SAINTRÉITHE

Déanfaidh Ballstáit staidreamh a tháirgeadh i ndáil leis na saintréithe atá liostaithe i Roinn 5 le haghaidh EW-MFA, i gcás inarb infheidhme.

1. Cumhdaítear le heastóscadh intíre (EI) méid bliantúil ábhar soladach, leachtach agus gásach (gan aer ná uisce a áireamh) a eastósctar as an gcomhshaol nádúrtha le húsáid mar ionchur sa gheilleagar.

2. Cumhdaítear le hallmhairí fisiciúla agus le honnmhairí fisiciúla gach tráchtearra allmhairithe nó onnmhairithe in aonaid mhaise. Áirítear le tráchtearraí trádáilte, earraí ag gach céim phróiseála ó amhtháirgí go hearraí críochnaithe.

▼M2

Roinn 4

AN CHÉAD BHLIAIN TAGARTHA, AN MHINICÍOCHT AGUS NA SPRIOCDHÁTAÍ TARCHURTHA

1. Déanfar an staidreamh a thiomsú agus a tharchur ar bhonn bliantúil.

2. Déanfar an staidreamh a tharchur laistigh de 16 mhí ó dheireadh na bliana tagartha. Beidh feidhm aige seo ón mbliain tagartha 2021.

3. Chun riachtanais úsáideoirí le haghaidh tacair shonraí atá críochnúil agus tráthúil a shásamh, soláthróidh an Coimisiún (Eurostat) meastacháin i leith iomláin AE-27 do phríomh-chomhiomláin an mhodúil seo, agus sin chomh luath agus a bheidh sonraí leordhóthanacha ar fáil i ndáil le tíortha. Déanfaidh an Coimisiún (Eurostat), i ngach cás inar féidir, meastacháin i ndáil le sonraí nach bhfuil tarchurtha ag na Ballstáit laistigh den sprioc a shonraítear i bpointe 2 a sholáthar agus a fhoilsiú.

4. Is é 2021 an chéad bhliain tagartha.

5. Le gach tarchur sonraí chuig an gCoimisiún, soláthróidh na Ballstáit sonraí bliantúla le haghaidh na mblianta n-4, n-3, n-2, n-1 agus n, i gcás inarb ionann n agus an bhliain tagartha. Féadfaidh na Ballstáit sonraí ar bith atá ar fáil le haghaidh na mblianta roimh 2017 a sholáthar.

Roinn 5

TÁBLAÍ TUAIRISCITHE

Déanfar sonraí, arna sloinneadh in aonaid mhaise, a sholáthar le haghaidh na saintréithe atá liostaithe sna táblaí seo a leanas.

Tábla A — Eastóscadh intíre

MF.1	Bithmhais
MF.1.1	Barra (gan barra farae a áireamh)
MF.1.1.1	Gránaigh
MF.1.1.2	Fréamhacha, tiúbair
MF.1.1.3	Barra siúcra
MF.1.1.4	Barra piseánacha
MF.1.1.5	Cnónna
MF.1.1.6	Barra olúla

▼**M2**

MF.1.1.7 Glasraí

MF.1.1.8 Torthaí

MF.1.1.9 Snáithíní

MF.1.1.A Barra eile (gan barra farae a áireamh) nach n-aicmítear in áit ar bith eile

MF.1.2 Iarmhair barr (úsáidte), barra farae agus bithmhais innilte

MF.1.2.1 Iarmhair barr (úsáidte)

MF.1.2.1.1 Tuí

MF.1.2.1.2 Iarmhair barr eile (duilleoga biatais siúcra agus duilleoga biatais farae, etc.)

MF.1.2.2 Barra farae agus bithmhais innilte

MF.1.2.2.1 Barra farae (lena n-áirítear fómhar bithmhaise ó thalamh féaraigh)

MF.1.2.2.2 Bithmhais innilte

MF.1.3 Adhmad

MF.1.3.1 Adhmad (lomáin chruinne thionsclaíoch)

MF.1.3.2 Adhmad tine agus eastóscadh eile

MF.1.4 Gabháil éisc fhiáin, plandaí uisceacha/ainmhithe uisceacha, fiach agus cnuasach

MF.1.4.1 Gabháil éisc fhiáin

MF.1.4.2 Na hainmhithe uisceacha agus na plandaí uisceacha uile eile

MF.1.4.3 Fiach agus cnuasach

MF.2 Mianta miotail (ollmhianta)

MF.2.1 Iarann

MF.2.2 Miotal neamhfheiriúil

MF.2.2.1 Copar

MF.2.2.2 Nicil

MF.2.2.3 Luaidhe

MF.2.2.4 Sinc

MF.2.2.5 Stán

MF.2.2.6 Ór, airgead, platanam agus miotail lómhara eile

MF.2.2.7 Báicsít agus alúmanam eile

MF.2.2.8 Úráiniam agus tóiriam

▼**M2**

MF.2.2.9	Miotail neamhfheiriúla eile
MF.3	Mianraí neamh-mhiotalacha
MF.3.1	Marmar, eibhear, gaineamhchloch, porfaire, basalt, cloch eile ornáideach nó cloch tógála (gan slinn a áireamh)
MF.3.2	Cailc agus dolaimít
MF.3.3	Slinn
MF.3.4	Mianraí ceimiceacha agus mianraí leasacháin
MF.3.5	Salann
MF.3.6	Aolchloch agus gipseam
MF.3.7	Créanna agus caoilín
MF.3.8	Gaineamh agus gairbhéal
MF.3.9	Mianraí neamh-mhiotalacha eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile
MF.3.A	Ábhair chré thochailte (lena n-áirítear ithir), ach amháin i gcás ina n-úsáidtear iad (tuairisciú roghnach)
MF.4	Ábhair fuinnimh iontaise/iompróirí fuinnimh iontaise
MF.4.1	Gual agus ábhair/iompróirí fuinnimh sholadaigh eile
MF.4.1.1	Lignít (gual donn)
MF.4.1.2	Gual crua
MF.4.1.3	Sceall ola agus gainimh tharra
MF.4.1.4	Móin
MF.4.2	Ábhair/iompróirí fuinnimh leachtaigh agus ghásaigh
MF.4.2.1	Amhola, comhdhlútháin agus gáis nádúrtha leachtaithe (GNL)
MF.4.2.2	Gás nádúrtha

Táblaí B (Allmhairí — Trádáil iomlán), agus D (Onnmhairí — Trádáil iomlán)

MF.1	Bithmhais
MF.1.1	Barra (gan barra farae a áireamh)
MF.1.1.1	Gránaigh
MF.1.1.2	Fréamhacha, tiúbair
MF.1.1.3	Barra siúcra
MF.1.1.4	Barra piseánacha
MF.1.1.5	Cnónna
MF.1.1.6	Barra olúla

▼**M2**

MF.1.1.7 Glasraí

MF.1.1.8 Torthaí

MF.1.1.9 Snáithíní

MF.1.1.A Barra eile (gan barra farae a áireamh) nach n-aicmítear in áit ar bith eile

MF.1.2 Iarmhair barr (úsáidte), barra farae agus bithmhais innilte

MF.1.2.1 Iarmhair barr (úsáidte)

MF.1.2.1.1 Tuí

MF.1.2.1.2 Iarmhair barr eile (duilleoga biatais siúcra agus duilleoga biatais farae, etc.)

MF.1.2.2 Barra farae agus bithmhais innilte

MF.1.2.2.1 Barra farae (lena n-áirítear fómhar bithmhaise ó thalamh féaraigh)

MF.1.3 Adhmad

MF.1.3.1 Adhmad (lomáin chruinne thionsclaíoch)

MF.1.3.2 Adhmad tine agus eastóscadh eile

MF.1.4 Gabháil éisc fhiáin, plandaí uisceacha/ainmhithe uisceacha, fiach agus cnuasach

MF.1.4.1 Gabháil éisc fiáin

MF.1.4.2 Na hainmhithe uisceacha agus na plandaí uisceacha uile eile

MF.1.5 Ainmhithe beo agus táirgí ainmhithe (seachas iasc fiáin, plandaí agus ainmhithe uisceacha, ainmhithe a fhiachtar agus a chnuasaítear)

MF.1.5.1 Ainmhithe beo (seachas iasc fiáin, plandaí agus ainmhithe uisceacha, ainmhithe a fhiachtar agus a chnuasaítear)

MF.1.5.2 Feoil agus ullmhóidí feola

MF.1.5.3 Táirgí déiríochta, éin, uibheacha agus mil

MF.1.5.4 Táirgí eile a fhaightear ó ainmhithe (snáithíní ainmhithe, seithí ainmhithe, fionnadh ainmhithe, leathar ainmhithe, etc.)

MF.1.6 Táirgí a fhaightear go príomha ó bhithmhais

MF.2 Mianta miotail (ollmhianta)

MF.2.1 Iarann

MF.2.2 Miotal neamhfheiriúil

MF.2.2.1 Copar

MF.2.2.2 Nicil

MF.2.2.3 Luaidhe

▼**M2**

MF.2.2.4	Sinc
MF.2.2.5	Stán
MF.2.2.6	Ór, airgead, platanam agus miotail lómhara eile
MF.2.2.7	Báicsít agus alúmanam eile
MF.2.2.8	Úráiniam agus tóiriam
MF.2.2.9	Miotail neamhfheiriúla eile
MF.2.3	Táirgí a fhaightear go príomha ó bhithmhais
MF.3	Mianraí neamh-mhiotalacha
MF.3.1	Marmar, eibhear, gaineamhchloch, porfaire, basalt, cloch eile ornáideach nó cloch tógála (gan slinn a áireamh)
MF.3.2	Cailc agus dolaimít
MF.3.3	Slinn
MF.3.4	Mianraí ceimiceacha agus mianraí leasacháin
MF.3.5	Salann
MF.3.6	Aolchloch agus gipseam
MF.3.7	Créanna agus caoilín
MF.3.8	Gaineamh agus gairbhéal
MF.3.9	Mianraí neamh-mhiotalacha eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile
MF.3.B	Táirgí a fhaightear go príomha ó mhianraí neamh-mhiotalacha
MF.4	Ábhair fuinnimh iontaise/iompróirí fuinnimh iontaise
MF.4.1	Gual agus ábhair/iompróirí fuinnimh sholadaigh eile
MF.4.1.1	Lignít (gual donn)
MF.4.1.2	Gual crua
MF.4.1.3	Sceall ola agus gainimh tharra
MF.4.1.4	Móin
MF.4.2	Ábhair/iompróirí fuinnimh leachtaigh agus ghásaigh
MF.4.2.1	Amhola, comhdhlútháin agus leachtanna gáis nádúrtha (GNL)
MF.4.2.2	Gás nádúrtha
MF.4.2.3	Breosla arna chur in umar (Allmhairí: ag aonaid chónaitheacha thar lear; Onnmhairí: ag aonaid neamhchónaitheacha ar bhonn intíre)
MF.4.2.3.1	Breosla le haghaidh iompair de thalamh

▼M2

MF.4.2.3.2 Breosla le haghaidh iompair d’uisce

MF.4.2.3.3 Breosla le haghaidh iompair d’aer

MF.4.3 Táirgí a fhaightear go príomha ó tháirgí fuinnimh iontaise

MF.5 Táirgí eile

MF.6 Dramhaíl le haghaidh cóireáil deiridh agus diúscairte

▼B

Roinn 6

UASRÉ NA nIDIRTHRÉIMHSÍ

Maidir le cur chun feidhme fhorálacha na hIarscríbhinne seo, is é 2 bhliain ón gcéad spriocdháta tarchurtha uasré na hidirthréimhse.

▼M1

IARSCRÍBHINN IV

MODÚL LE hAGHAIDH CUNTAS AR CHAITEACHAS I LEITH CHOSAINT AN CHOMHSHAOIL

Roinn 1

CUSPÓIRÍ

Le cuntais ar chaiteachas i leith chosaint an chomhshaoil, déantar, ar shlí atá comhoiriúnach leis na sonraí a thuairiscítear faoi CEC, sonraí a thíolacadh maidir leis an gcaiteachas ar chosaint an chomhshaoil, i.e. na hacmhainní eacnamaíocha arna gcaitheamh ag aonaid chónaitheacha ar chosaint an chomhshaoil. Le cuntais den sórt sin, tugtar an deis tiomsú a dhéanamh ar chaiteachas náisiúnta i leith chosaint an chomhshaoil, arna shainmhíniú mar shuim na n-úsáidí a bhaineann aonaid chónaitheacha as seirbhísí i leith chosaint an chomhshaoil, an ollfhoirmithe caipitil sheasta (OFCS) le haghaidh gníomhaíochtaí maidir le cosaint an chomhshaoil, agus aistrithe do chosaint an chomhshaoil nach bhfuil ina gcontrapháirt i leith ítimí roimhe sin, lúide maoiniú ón gcuid eile den domhan.

Sna cuntais ar chaiteachas i leith chosaint an chomhshaoil, ba cheart go mbainfí leas as an bhfaisnéis atá ann cheana féin sna cuntais náisiúnta (cuntais táirgthe agus giniúna ioncaim; OFCS de réir NACE, táblaí soláthair agus úsáide; sonraí bunaithe ar aicmiú fheidhmeanna an rialtais), i staidreamh struchtúrach gnó, sa chlár gnó agus i bhfoinsí eile.

Sainítear san Iarscríbhinn seo na sonraí atá le bailiú, le tiomsú agus le tarchur ag na Ballstáit chun críocha na gcuntas ar chaiteachas i leith chosaint an chomhshaoil, mar aon leis na sonraí a bhfuil meastóireacht le déanamh orthu ag na Ballstáit chuige sin.

Roinn 2

CUMHDACH

Tá na teorainneacha córais céanna ag cuntais ar chaiteachas i leith chosaint an chomhshaoil agus atá ag CEC agus taispeántar iontu caiteachas i leith chosaint an chomhshaoil maidir le príomhghníomhaíochtaí, gníomhaíochtaí tánaisteacha agus gníomhaíochtaí coimhdeacha. Cumhdaítear na hearnálacha seo a leanas:

— rialtas ginearálta (institiúidí neamhbhrabúis a fhónann do theaghlaigh) agus corparáidí mar earnálacha institiúideacha a tháirgeann seirbhísí i leith chosaint an chomhshaoil. Táirgeann saintáirgeoirí seirbhísí i leith chosaint an chomhshaoil mar a bpríomhghníomhaíocht,

— teaghlaigh, rialtas ginearálta agus corparáidí mar thomhaltóirí de sheirbhísí i leith chosaint an chomhshaoil,

— an chuid eile den domhan mar thairbhí nó foinse na n-aistrithe le haghaidh chosaint an chomhshaoil.

▼M2

Roinn 3

LIOSTA NA SAINTRÉITHE

Déanfaidh na Ballstáit cuntais ar chaiteachas i leith chosaint an chomhshaoil a sholáthar de réir na saintréithe seo a leanas atá sainmhínithe i gcomhréir le CEC:

— aschur na seirbhísí i leith chosaint an chomhshaoil. Déantar aschur margaidh, aschur neamh-mhargaidh agus aschur gníomhaíochtaí coimhdeacha a idirdhealú,

— tomhaltas idirmheánach na seirbhísí i leith chosaint an chomhshaoil

▼M2

— tomhaltas idirmheánach na seirbhísí i leith chosaint an chomhshaoil ar mhaithe le seirbhísí i leith chosaint an chomhshaoil a tháirgeadh,

— allmhairí agus onnmhairí seirbhísí i leith chosaint an chomhshaoil,

— cáin bhreisluacha (CBL) móide cánacha eile, lúide fóirdheontais ar tháirgí a bhaineann le seirbhísí i leith chosaint an chomhshaoil,

— ollfhoirmiú caipitil sheasta agus éadálacha lúide diúscairtí sócmhainní neamh-tháirgthe neamhairgeadais ar mhaithe le seirbhísí i leith chosaint an chomhshaoil a tháirgeadh,

— tomhaltas deiridh na seirbhísí i leith chosaint an chomhshaoil.

▼M3

_____

▼M2

Tuairisceofar na sonraí uile san airgeadra náisiúnta de réir milliúin.

Roinn 4

AN CHÉAD BHLIAIN TAGARTHA, AN MHINICÍOCHT AGUS NA SPRIOCDHÁTAÍ TARCHURTHA

1. Déanfar an staidreamh a thiomsú agus a tharchur ar bhonn bliantúil.

2. Déanfar an staidreamh a tharchur laistigh de 24 mhí ó dheireadh na bliana tagartha. Beidh feidhm aige seo ón mbliain tagartha 2020.

3. Chun riachtanais na n-úsáideoirí le haghaidh tacair shonraí atá críochnúil agus tráthúil a shásamh, soláthróidh an Coimisiún (Eurostat) meastacháin d'iomláin ►M3 AE-27 ◄ do phríomh-chomhiomláin an mhodúil sin chomh luath agus a bheidh sonraí leordhóthanacha i ndáil le tíortha ar fáil. Déanfaidh an Coimisiún (Eurostat), i ngach cás inar féidir, meastacháin i ndáil le sonraí nach bhfuil tarchurtha ag na Ballstáit laistigh den sprioc a shonraítear i bpointe 2 a sholáthar agus a fhoilsiú.

4. Is é 2020 an chéad bhliain tagartha.

5. I gcás gach tarchuir sonraí chuig an gCoimisiún, soláthróidh na Ballstáit sonraí bliantúla le haghaidh na mblianta n – 2, n – 1 agus n, i gcás inarb ionann n agus an bhliain tagartha. Féadfaidh na Ballstáit aon sonraí atá ar fáil le haghaidh na mblianta roimh 2018 a sholáthar.

Roinn 5

TÁBLAÍ TUAIRISCITHE

1. I gcás na saintréithe dá dtagraítear i Roinn 3, tuairisceofar sonraí agus iad miondealaithe de réir:

— cineálacha táirgeoirí/tomhaltóirí seirbhísí i leith chosaint an chomhshaoil mar atá sainmhínithe i Roinn 2,

— aicmí d'aicmiú na ngníomhaíochtaí maidir le cosaint an chomhshaoil (CEPA) agus iad grúpáilte mar a leanas:

— CEPA 1

— CEPA 2

— CEPA 3

— CEPA 4

— CEPA 5

▼M2

— CEPA 6

— Suim CEPA 7, CEPA 8 agus CEPA 9

— Na miondealuithe NACE seo a leanas maidir le táirgeadh coimhdeach seirbhísí i leith chosaint an chomhshaoil: NACE Rev. 2 B, C, D, Rannán 36. Déanfar sonraí ó roinn C a thíolacadh mar seo a leanas:

— NACE C10-C12 - Monarú táirgí bia; deochanna agus táirgí tobac

— NACE C17 - Monarú páipéir agus táirgí páipéir

— NACE C19-20 - Monarú cóic, ceimiceáin agus peitriliam scagtha agus táirgí ceimiceáin

— NACE C 21-23 - Monarú earraí cógaisíochta, rubair, plaistigh agus táirgí eile neamh-mhiotalacha

— NACE C 24 - Monarú miotal bunúsach

— NACE C 25-30 – Monarú táirgí déanta as miotal, lena n-áirítear innealra agus trealamh

— NACE C13-16, 18, 31-33 – gníomhaíochtaí monaraíochta eile

I gcás na mBallstát inar lú ná 1 % d'iomlán an Aontais méid iomlán an láimhdeachais nó an líon daoine atá fostaithe i gceann amháin nó níos mó de na miondealuithe NACE seo, ní gá dóibh sonraí a sholáthar maidir leis na miondealuithe NACE sin.

2. Is mar a leanas atá aicmí CEPA dá dtagraítear i bpointe 1:

CEPA 1 — Cosaint an aeir thimpeallaigh agus na haeráide

CEPA 2 — Bainistiú fuíolluisce

CEPA 3 — Bainistiú dramhaíola

CEPA 4 — Cosaint agus feabhsú ithreach, screamhuisce agus uisce dromchla

CEPA 5 — Laghdú torainn agus creatha

CEPA 6 — Cosaint na bithéagsúlachta agus na dtírdhreach

CEPA 7 — Cosaint i gcoinne radaíochta

CEPA 8 — Taighde agus forbairt i réimse an chomhshaoil

CEPA 9 — Gníomhaíochtaí eile ar mhaithe leis an gcomhshaol a chosaint.

Roinn 6

UASRÉ NA nIDIRTHRÉIMHSÍ

Maidir le cur chun feidhme fhorálacha na hIarscríbhinne seo, is é 2 bhliain ón gcéad spriocdháta tarchurtha uasré na hidirthréimhse.

▼M1

IARSCRÍBHINN V

MODÚL LE hAGHAIDH CHUNTAIS NA hEARNÁLA UM EARRAÍ AGUS SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL

Roinn 1

CUSPÓIRÍ

Leis an staidreamh maidir le hearraí agus seirbhísí comhshaoil, déantar sonraí a thaifeadadh agus a thíolacadh maidir le gníomhaíochtaí táirgthe na ngeilleagar náisiúnta a ndéantar táirgí comhshaoil iontu ar shlí a luíonn leis na sonraí a thuairiscítear faoi CEC.

Ba cheart go mbainfí úsáid i gcuntais na hearnála um earraí agus seirbhísí comhshaoil as an bhfaisnéis ó na cuntais náisiúnta atá ann cheana féin, ó staidreamh struchtúrach gnó, ón gclár gnó agus ó fhoinsí eile.

Sainítear leis an Iarscríbhinn seo na sonraí atá le bailiú, le tiomsú, le tarchur, agus a bhfuil meastóireacht le déanamh orthu, ag na Ballstáit le haghaidh earraí agus seirbhísí comhshaoil.

Roinn 2

CUMHDACH

Tá na teorainneacha córais céanna ag an earnáil um earraí agus seirbhísí comhshaoil agus atá ag CEC agus cuimsítear ann gach earra agus seirbhís comhshaoil a chruthaítear laistigh de theorainn an táirgthe. Is é an sainmhíniú a dhéantar ar tháirgeadh in CEC an ghníomhaíocht a dhéantar faoi rialú agus faoi fhreagracht aonaid institiúidigh a bhaineann úsáid as ionchur saothair, caipitil agus earraí agus seirbhísí chun earraí agus seirbhísí a tháirgeadh.

Tagann earraí agus seirbhísí comhshaoil faoi réim na gcatagóirí seo a leanas: seirbhísí a bhaineann go sonrach leis an gcomhshaol, táirgí de chuspóir comhshaoil amháin (táirgí bainteacha), earraí oiriúnaithe agus teicneolaíochtaí comhshaoil.

▼M2

Roinn 3

LIOSTA NA SAINTRÉITHE

Soláthróidh na Ballstáit staidreamh maidir leis an éicithionscal de réir na saintréithe seo a leanas:

— aschur an éicithionscail ina iomláine agus na ngníomhaíochtaí margaidh,

— onnmhairí an éicithionscail ina iomláine,

— breisluach an éicithionscail ina iomláine agus na ngníomhaíochtaí margaidh,

— fostaíocht san éicithionscal ina iomláine agus na ngníomhaíochtaí margaidh.

Tuairisceofar na sonraí uile san airgeadra náisiúnta de réir milliúin, seachas an tsaintréith “fostaíocht”, a mbeidh an t-aonad tuairiscithe “coibhéis lánaimseartha” ann ina leith.

Roinn 4

AN CHÉAD BHLIAIN TAGARTHA, AN MHINICÍOCHT AGUS NA SPRIOCDHÁTAÍ TARCHURTHA

1. Déanfar an staidreamh a thiomsú agus a tharchur ar bhonn bliantúil.

2. Déanfar an staidreamh a tharchur laistigh de 22 mhí ó dheireadh na bliana tagartha. Beidh feidhm aige seo ón mbliain tagartha 2020.

▼**M2**

3. Chun riachtanais na n-úsáideoirí le haghaidh tacair shonraí atá críochnúil agus tráthúil a shásamh, soláthróidh an Coimisiún (Eurostat) meastacháin d'iomláin ►**M3** AE-27 ◄ do phríomh-chomhiomláin an mhodúil sin chomh luath agus a bheidh sonraí leordhóthanacha i ndáil le tíortha ar fáil. Déanfaidh an Coimisiún (Eurostat), i ngach cás inar féidir, meastacháin i ndáil le sonraí nach bhfuil tarchurtha ag na Ballstáit laistigh den sprioc a shonraítear i bpointe 2 a sholáthar agus a fhoilsiú.

4. Is é 2020 an chéad bhliain tagartha.

5. I gcás gach tarchuir sonraí chuig an gCoimisiún, soláthróidh na Ballstáit sonraí bliantúla le haghaidh na mblianta n – 2, n – 1 agus n, i gcás inarb ionann n agus an bhliain tagartha. Féadfaidh na Ballstáit aon sonraí atá ar fáil le haghaidh na mblianta roimh 2018 a sholáthar.

Roinn 5

TÁBLAÍ TUAIRISCITHE

1. I gcás na saintréithe dá dtagraítear i Roinn 3, tuairisceofar sonraí agus iad tras-aicmithe de réir an méid seo a leanas:

— aicmiú na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha, NACE Rev. 2 grúpáilte mar a leanas:

— NACE A

— NACE B

— NACE C

— NACE D

— NACE E

— NACE F

— NACE J

— NACE M

— NACE O

— NACE P

— Suim NACE G + NACE H + NACE I + NACE K + NACE L + NACE N + NACE Q + NACE R + NACE S + NACE T + NACE U

— aicmí d'aicmiú na ngníomhaíochtaí caomhnaithe comhshaoil (CEPA) agus aicmiú na ngníomhaíochtaí bainistithe acmhainní (CReMA) grúpáilte mar a leanas:

— CEPA 1

— CEPA 2

— CEPA 3

— CEPA 4

— CEPA 5

— CEPA 6

▼M2

— Suim CEPA 7, CEPA 8 agus CEPA 9

— CReMA 10

— CReMA 11

— CReMA 13

— CReMA 13A

— CReMA 13B

— CReMA 13C

— CReMA 14

— Suim CReMA 12, CReMA 15 agus CReMA 16

2. Is in Iarscríbhinn IV a leagtar amach aicmí CEPA dá dtagraítear i bpointe 1. Is mar a leanas atá aicmí CEPA dá dtagraítear i bpointe 1:

CReMA 10 — Bainistiú uisce

CReMA 11 — Bainistiú acmhainní foraoise

CReMA 12 — Bainistiú flóra agus fána fhiáin

CReMA 13 — Bainistiú acmhainní fuinnimh:

CReMA 13A — Táirgeadh fuinnimh ó acmhainní in-athnuaite

CReMA 13B — Coigilt agus bainistiú teasa/fuinnimh

CReMA 13C — Íoslaghdú ar úsáid fuinnimh iontaise mar amhábhair

CReMA 14 — Bainistiú mianraí

CReMA 15 — Gníomhaíochtaí taighde agus forbartha maidir le bainistiú acmhainní

CReMA 16 — Gníomhaíochtaí bainistithe acmhainní eile.

▼M1

Roinn 6

UASRÉ NA nIDIRTHRÉIMHSÍ

Maidir le cur chun feidhme fhorálacha na hIarscríbhinne seo, is é 2 bhliain ón gcéad spriocdháta tarchurtha uasré na hidirthréimhse.

▼M1

IARSCRÍBHINN VI

MODÚIL LE hAGHAIDH CUNTAS AR SHREABHADH FISICIÚIL FUINNIMH

Roinn 1

CUSPÓIRÍ

Le cuntais ar shreabhadh fisiciúil fuinnimh, déantar sonraí a thíolacadh maidir le sreafaí fisiciúla fuinnimh, arna sloinneadh i dteirigiúil, ar shlí a luíonn go hiomlán le CEC. Déantar taifeadadh i gcuntais ar shreabhadh fisiciúil fuinnimh ar shonraí fuinnimh a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha aonaid chónaitheacha na ngeilleagar náisiúnta agus iad miondealaithe de réir gníomhaíochta eacnamaíche. Léiríonn siad soláthar agus úsáid na n-ionchur fuinnimh nádúrtha, na dtáirgí fuinnimh agus na n-iarmharach fuinnimh. Tá táirgeadh, tomhaltas agus carnadh cuimsithe sna gníomhaíochtaí eacnamaíocha.

Sainítear san Iarscríbhinn seo na sonraí atá le bailiú, le tiomsú agus le tarchur ag na Ballstáit, mar aon leis na sonraí a bhfuil meastóireacht le déanamh orthu ag na Ballstáit, le haghaidh cuntas ar shreabhadh fisiciúil fuinnimh.

Roinn 2

CUMHDACH

Tá na teorainneacha córais céanna ag cuntais ar shreabhadh fisiciúil fuinnimh agus atá ag CEC agus tá siad bunaithe freisin ar phrionsabal an chónaithe.

I gcomhréir le CEC, deirtear gurb ionann aonad agus aonad cónaitheach tíre nuair atá lárionad leasa eacnamaíoch an aonaid i gcríoch eacnamaíoch na tíre sin, is é sin le rá, nuair a bhíonn sé ag gabháil do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha ar feadh tréimhse fadaithe (bliain amháin nó níos mó) sa chríoch sin.

Le cuntais ar shreabhadh fisiciúil fuinnimh, déantar sreafaí fisiciúla fuinnimh a eascraíonn as gníomhaíochtaí gach aonaid chónaithigh a thaifeadadh, beag beann ar an áit as a dtagann na sreafaí sin go geografach.

Le cuntais ar shreabhadh fisiciúil fuinnimh, déantar sreafaí fisiciúla fuinnimh a thaifeadadh ón gcomhshaol chuig an ngeilleagar, laistigh den gheilleagar, agus ón ngeilleagar ar ais chuig an gcomhshaol.

Roinn 3

LIOSTA NA SAINTRÉITHE

Déanfaidh na Ballstáit cuntais ar shreabhadh fisiciúil fuinnimh a tháirgeadh de réir na saintréithe seo a leanas:

— na sreafaí fisiciúla fuinnimh agus iad grúpáilte i dtrí chatagóir ghinearálta:

  (i) ionchuir fuinnimh nádúrtha,

  (ii) táirgí fuinnimh,

  (iii) iarmharaigh fuinnimh.

— foinse na sreafaí fisiciúla fuinnimh, agus iad grúpáilte i gcúig chatagóir: táirgeadh, tomhaltas, carnadh, an chuid eile den domhan agus an comhshaol,

— ceann scríbe na sreafaí fisiciúla, agus iad grúpáilte sna cúig chatagóir chéanna ná foinse na sreafaí fisiciúla fuinnimh.

Tuairisceofar na sonraí ar fad i dteirigiúil.

▼M1

Roinn 4

AN CHÉAD BHLIAIN TAGARTHA, AN MHINICÍOCHT AGUS NA SPRIOCDHÁTAÍ TARCHURTHA

1. Déanfar an staidreamh a thiomsú agus a tharchur ar bhonn bliantúil.

2. Déanfar an staidreamh a tharchur laistigh de 21 mhí ó dheireadh na bliana tagartha.

3. Chun riachtanais na n-úsáideoirí le haghaidh tacair shonraí atá críochnúil agus tráthúil a shásamh, cuirfidh an Coimisiún (Eurostat) meastacháin d'iomláin ►M3 AE-27 ◄ ar fáil do phríomh-chomhiomláin an mhodúil sin chomh luath is a bheidh sonraí leordhóthanacha i ndáil le tíortha ar fáil. Déanfaidh an Coimisiún (Eurostat), i ngach cás inar féidir, meastacháin i ndáil le sonraí nach bhfuil tarchurtha ag na Ballstáit laistigh den sprioc a shonraítear i bpointe 2 a tháirgeadh agus a fhoilsiú.

4. Is é 2015 an chéad bhliain tagartha.

5. Sa chéad tarchur sonraí, áireoidh Ballstáit sonraí bliantúla ó 2014 go dtí an chéad bhliain tagartha.

6. I gcás gach tarchuir sonraí chuig an gCoimisiún ina dhiaidh sin, soláthróidh na Ballstáit sonraí bliantúla le haghaidh na mblianta n–2, n–1 agus n, i gcás inarb ionann n agus an bhliain tagartha. Féadfaidh na Ballstáit sonraí ar bith atá ar fáil do na blianta roimh 2014 a sholáthar.

Roinn 5

TÁBLAÍ TUAIRISCITHE

1. I gcás na saintréithe dá dtagraítear i Roinn 3, tuairisceofar na sonraí seo a leanas in aonaid fhisiciúla:

   — Tábla úsáide le haghaidh sreafaí fuinnimh. Déantar soláthar na n-ionchur fuinnimh nádúrtha, na dtáirgí fuinnimh, agus na n-iarmharach fuinnimh (sna sraitheanna) de réir foinse, i.e. “soláthraí” (sna colúin) a thaifeadadh sa tábla seo.

   — Tábla úsáide le haghaidh sreafaí fuinnimh. Déantar úsáid na n-ionchur fuinnimh nádúrtha, na dtáirgí fuinnimh, agus na n-iarmharach fuinnimh (sna sraitheanna) de réir cinn scríbe, i.e. “úsáideoir” (sna colúin) a thaifeadadh sa tábla seo.

   — Tábla d'úsáid sreafaí fuinnimh a bhaineann le hastaíochtaí. Déantar úsáid na n-ionchur fuinnimh nádúrtha agus na dtáirgí fuinnimh a bhaineann le hastaíochtaí (sna sraitheanna) de réir an aonaid úsáide agus astaíochta (sna colúin) a thaifeadadh sa tábla seo.

   — Tábla ceangail ina dtaispeántar na gnéithe éagsúla lena ndéantar suas an difríocht idir na cuntais fuinnimh agus na comharduithe fuinnimh.

2. Tá leagan amach coiteann ó thaobh sraitheanna agus colún de ag táblaí soláthair agus úsáide sreafaí fuinnimh (lena n-áirítear sreafaí a bhaineann le hastaíochtaí).

3. Seasann na colúin d'fhoinsí (soláthar) nó do chinn scríbe (úsáid) na sreafaí fisiciúla. Tá na colúin grúpáilte i gcúig chatagóir:

   — Baineann “táirgeadh” le táirgeadh earraí agus seirbhísí. Déantar gníomhaíochtaí táirgthe a aicmiú de réir NACE Rev. 2 agus tuairiscítear sonraí sa leibhéal comhiomlánaithe A*64.

▼M1

— Cuirtear gníomhaíochtaí “tomhaltais” i láthair ina n-iomláine agus roinntear iad freisin ina dtrí fho-aicme (iompar, téamh/fuarú, eile) maidir le tomhaltas deiridh na dteaghlach.

— Tagraíonn “carnadh” do na hathruithe i stoic táirgí fuinnimh laistigh den gheilleagar.

— Is é a thaifeadtar faoi “an chuid eile den domhan” na sreafaí de tháirgí allmhairithe agus onnmhairithe.

— Is é a thaifeadtar faoi “comhshaol” foinse na sreafaí ionchuir nádúrtha agus ceann scríbe na sreafaí iarmharaigh.

4. Sna sraitheanna, déantar tuairisc ar an gcineál sreafa fhisiciúil mar atá aicmithe sa chéad fhleasc de Roinn 3.

5. Is mar a leanas atá aicmiú na n-ionchur fuinnimh nádúrtha, na dtáirgí fuinnimh agus na n-iarmharach fuinnimh:

— tá ionchuir fuinnimh nádúrtha grúpáilte in ionchuir fuinnimh nádúrtha nach bhfuil in-athnuaite agus in ionchuir fuinnimh nádúrtha in-athnuaite,

— tá táirgí fuinnimh grúpáilte de réir an aicmithe a úsáidtear i staidreamh Eorpach fuinnimh,

— iarmharaigh fuinnimh, lena gcuimsítear dramhaíl (gan luach airgid); caill-teanais le linn eastósctha/astarraingthe, leithdháileadh/iompair, claochlú/tiontú agus stórála; chomh maith le hítimí comhardaithe chun na táblaí soláthair agus úsáide a chomhardú.

6. Déantar an “ceangal” idir táscaire phrionsabal an chónaithe agus an táscaire críochbhunaithe a thíolacadh don gheilleagar náisiúnta iomlán (gan aon mhiondealú de réir tionscail) agus faightear é mar seo a leanas:

úsáid iomlán fuinnimh ag aonaid chónaitheacha:

— úsáid fuinnimh ag aonaid chónaitheacha thar lear

\+ úsáid fuinnimh ag neamhchónaitheoirí ar an gcríoch

\+ difríochtaí staidrimh

= olltomhaltas fuinnimh intíre (críochbhunaithe)

Roinn 6

UASRÉ NA nIDIRTHRÉIMHSÍ

Maidir le cur chun feidhme fhorálacha na hIarscríbhinne seo, is é 2 bhliain ón gcéad spriocdháta tarchurtha uasré na hidirthréimhse.

▼M3

IARSCRÍBHINN VII

MODÚL LE hAGHAIDH CUNTAIS FHORAOISEACHA

Roinn 1

CUSPÓIRÍ

Déanann cuntais fhoraoiseacha sonraí faoi acmhainní foraoiseacha agus gníomhaíocht eacnamaíoch i dtionscal na foraoiseachta agus na lománaíochta a thaifeadadh agus a chur i láthair ar bhealach atá ag luí go hiomlán leis na sonraí a thuairiscítear faoi CEC 2010. Soláthraíonn cuntais fhoraoiseacha faisnéis chomhlántach agus úsáidtear coincheapa atá curtha in oiriúint do nádúr ar leith foraoisí agus do thionscal na foraoiseachta agus na lománaíochta.

Sainítear san Iarscríbhinn seo na sonraí atá le bailiú, le tiomsú, le tarchur agus a bhfuil meastóireacht le déanamh orthu ag na Ballstáit le haghaidh cuntais fhoraoiseacha.

Roinn 2

CUMHDACH

Déantar taifeadadh i gcuntais fhoraoiseacha ar stoic agus sreafaí acmhainní foraoiseacha (coillearnach agus adhmad) agus ar ghníomhaíocht eacnamaíoch i dtionscal na foraoiseacha agus na lománaíochta, lena n-áirítear táirgeadh lomán cruinn agus baint agus bailiú táirgí foraoise fiáin-fháis nach táirgí adhmaid iad.

Roinn 3

LIOSTA NA SAINTRÉITHE

Ullmhóidh na Ballstáit cuntais fhoraoiseacha de réir na saintréithe a thuairiscítear sa Roinn seo.

1. Cuntais sócmhainní coillearnaí agus adhmaid. Sainítear coillearnach mar shuim na dtrí phointe seo a leanas.

   (a) Foraois atá ar fáil chun adhmad a sholáthar: foraoisí nach bhfuil tionchar suntasach ag aon srianta comhshaoil, sóisialta nó eacnamaíocha ar sholáthar reatha ná ar sholáthar féideartha adhmaid. D'fhéadfadh sé gur rialacha dlí, cinntí bainistíochta nó úinéirí nó cúiseanna eile is bun do na srianta sin.

   (b) Is é atá i bhforaois nach bhfuil ar fáil chun adhmad a sholáthar: gach foraois nach meastar a bheith ar fáil chun adhmad a sholáthar i gcomhréir le pointe (a). Is foraoisí iad sin ina gcuireann srianta comhshaoil, sóisialta, eacnamaíocha nó dlíthiúla cosc ar aon soláthar suntasach adhmaid. Áirítear leis (i) foraoisí a bhfuil srianta dlíthiúla orthu nó srianta eile orthu atá mar thoradh ar chinntí polaitiúla eile a dhéanann soláthar adhmaid a eisiamh go hiomlán nó a theorannú go mór ar chúiseanna amhail caomhnú comhshaoil nó bithéagsúlachta (foraoisí cosanta, páirceanna náisiúnta, anaclanna dúlra agus limistéir chosanta eile, amhail limistéir ar díol spéise iad ó thaobh an chomhshaoil, na heolaíochta, na staire, an chultúir nó na spioradáltachta de); (ii) foraoisí ina bhfuil an táirgiúlacht fhisiceach nó cáilíocht an adhmaid ró-íseal nó ina bhfuil costais lománaíochta agus iompair ró-ard le gurbh fhiú aon lománaíocht adhmaid, seachas ó gearradh ó am go chéile chun críoch úsáide críochnaithí dílse.

   (c) Coillearnach eile.

   Sainítear "foraois" mar thalamh is fairsinge ná 0,5 heicteár le crainn is airde ná cúig mhéadar air agus ceannbhrat duilliúir is mó ná 10 %, nó le crainn atá in ann na tairseacha sin a bhaint amach *in situ*. Ní áirítear leis talamh atá, den chuid is mó, faoi úsáid talmhaíochta ná faoi chrainn i suíomhanna uirbeacha, amhail páirceanna cathrach, lánaí agus gairdíní.

   Sainítear "coillearnach eile" mar thalamh nach bhfuil aicmithe mar fhoraois, agus is fairsinge ná 0,5 heicteár; le crainn is airde ná cúig mhéadar air agus ceannbhrat duilliúir is mó ná 5 go10 %, nó le crainn atá in ann na tairseacha sin a bhaint amach *in situ*; nó a bhfuil clúdach comhcheangailte toir, toim agus crann acu ar mó é ná 10 %. Ní áirítear leis talamh atá, den chuid is mó, faoi úsáid talmhaíochta ná faoi chrainn i suíomhanna uirbeacha, amhail páirceanna cathrach, lánaí agus gairdíní.

▼M3

Sainítear “glan-incrimint bhliantúil adhmaid” mar an meánfhás bliantúil ar thoirt na gcrann beo lúide an mheánráta básmhaireachta bliantúil.

Sainítear “asbhaint” mar thoirt na gcrann go léir, atá beo nó marbh, a leagtar agus a bhaintear as an bhforaois, as coillearnach eile nó as láithreáin leagain eile. Áirítear leis lomáin chruinne nár díoladh atá stóráilte ar thaobh an bhóthair foraoise. Áirítear leis freisin caillteanais nádúrtha a athbhunaítear, asbhaint le linn na bliana d’adhmad a leagadh i dtréimhse roimhe sin, asbhaint neamh-ghasadhmad (amhail stumpaí agus brainsí), agus asbhaint crainn a maraíodh nó a ndearnadh damáiste dóibh ar chúiseanna nádúrtha (ar a dtugtar caillteanais nádúrtha), e.g. dóiteán, gaoth, feithidí agus galair. Ní áirítear leis bithmhais neamhadhmadach ná aon adhmad a fhágtar san fhoraois agus nach n-aistrítear i rith na bliana, e.g. stumpaí, brainsí, barr na gcrann agus fuíoll ó chrainn a leagan (dramhaíl as lománaíocht adhmaid).

Sainítear “caillteanais dho-athbhunaithe” mar fhuíoll ó chrainn a leagan agus gach crann a leagann an ghaoth nach féidir a bhaint as an bhforaois, agus adhmad a chailltear trí dhóiteáin foraoise.

2. Cuntais eacnamaíocha lena dtuairiscítear gníomhaíocht eacnamaíoch i dtionscal na foraoiseachta agus na lománaíochta. Sainítear tionscal na foraoiseachta agus na lománaíochta mar gach aonad áitiúil príomhghníomhaíochta (APG áitiúil) a dhéanann gníomhaíochtaí a aicmítear faoi NACE Rev. 2, Rannán A02.

Tuairisceofar na saintréithe seo a leanas, agus sainmhínithe CEC 2010 á n-úsáid:

— aschur;

— agus de sin: aschur chun críoch úsáide críochnaithí dílse;

— ídiú idirmheánach;

— oll-bhreisluach;

— ídiú an chaipitil sheasta;

— cánacha eile ar tháirgeadh;

— fóirdheontais eile ar tháirgeadh;

— cúiteamh d’fhostaithe;

— foirmiú ollchaipitil sheasta agus ceannacháin lúide diúscairtí sócmhainní neamhtháirgthe neamhairgeadais;

— athruithe ar fhardail;

— aistrithe caipitil.

Tuairisceoidh na Ballstáit fostaíocht i dtionscal na foraoiseachta agus na lománaíochta i mílte aonad oibre bliantúil mar a shainítear i Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

Roinn 4

AN CHÉAD BHLIAIN TAGARTHA, AN MHINICÍOCHT AGUS NA SPRIOCDHÁTAÍ TARCHUIR

1. Déanfar an staidreamh a thiomsú agus a tharchur ar bhonn bliantúil.

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Nollaig 2003 maidir le cuntais eacnamaíochta na talmhaíochta sa Chomhphobal (IO L 33, 5.2.2004, lch. 1).

▼M3

2. Déanfar an staidreamh a tharchur laistigh de 21 mhí ó dheireadh na bliana tagartha.

3. Chun riachtanais úsáideoirí le haghaidh tacair shonraí atá críochnúil agus tráthúil a shásamh, déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) meastacháin i leith iomláin an Aontais a chur ar fáil le haghaidh phríomh-chomhiomláin an mhodúil seo, agus sin chomh luath agus a bheidh sonraí leordhóthanacha ar fáil i ndáil le tíortha. I ngach cás inar féidir, déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) meastacháin le haghaidh sonraí nár tharchuir Ballstáit laistigh den spriocdháta a shonraítear i bpointe 2 a ullmhú agus a fhoilsiú.

4. Is é 2023 an chéad bhliain tagartha.

5. Sa chéad tarchur sonraí, déanfaidh Ballstáit sonraí bliantúla ó 2022 go dtí an chéad bhliain tagartha a áireamh.

6. Le gach tarchur sonraí chuig an gCoimisiún ina dhiaidh sin, soláthróidh Ballstáit sonraí bliantúla le haghaidh na mblianta n-2, n-1 agus n, inarb ionann n agus an bhliain tagartha. Déanfaidh na Ballstáit sonraí a chur isteach an athuair le haghaidh na mblianta ó 2022 ar aghaidh tráth ar bith a athbhreithnítear na sonraí. Féadfaidh na Ballstáit aon sonraí atá ar fáil le haghaidh na mblianta roimh 2022 a sholáthar.

Roinn 5

TÁBLAÍ TUAIRISCITHE

I gcás na saintréithe a leagtar síos i Roinn 3, tuairisceofar na sonraí seo a leanas:

1. Limistéar coillearnaí, arna mhiondealú de réir an mhéid seo a leanas:

   — foraois atá ar fáil chun adhmad a sholáthar;

   — foraois nach bhfuil ar fáil chun adhmad a sholáthar;

   — coillearnach eile.

   Déanfar gach ceann de na catagóirí sin a mhiondealú a thuilleadh de réir an mhéid seo a leanas:

   — limistéar tosaigh ag tús na bliana tagartha;

   — foraoisiú agus méaduithe eile;

   — dífhoraoisiú agus laghduithe eile;

   — athaicmiú don staidreamh;

   — limistéar deiridh ag deireadh na bliana tagartha.

   Déanfar na sonraí a thuairisciú i mílte heicteár.

2. Toirt an adhmaid, arna miondealú de réir:

   — foraois atá ar fáil chun adhmad a sholáthar;

   — foraois nach bhfuil ar fáil chun adhmad a sholáthar;

   — coillearnach eile.

   Déanfar foraois atá ar fáil chun adhmad a sholáthar a mhiondealú a thuilleadh de réir an mhéid seo a leanas:

   — stoc tosaigh ag tús na bliana tagartha;

   — incrimint ghlan;

▼M3

— asbhaint;

— caillteanais dho-athbhunaithe;

— athaicmiú don staidreamh;

— mír chomhardúcháin;

— stoc deiridh ag deireadh na bliana tagartha.

Foraois nach bhfuil ar fáil chun adhmad a sholáthar agus coillearnach eile, déanfar iad a mhiondealú a thuilleadh de réir an mhéid seo a leanas:

— stoc tosaigh ag tús na bliana tagartha;

— asbhaint;

— athruithe eile (idir stoic thosaigh agus stoic dheiridh);

— stoc deiridh ag deireadh na bliana tagartha.

Déanfar na sonraí a thuairisciú i dtéarmaí adhmaid lena choirt i mílte m^3.

3. Luach an adhmaid, arna mhiondealú de réir:

— foraois atá ar fáil chun adhmad a sholáthar;

— foraois nach bhfuil ar fáil chun adhmad a sholáthar;

— coillearnach eile.

Déanfar foraois atá ar fáil chun adhmad a sholáthar a mhiondealú a thuilleadh de réir an mhéid seo a leanas:

— stoc tosaigh ag tús na bliana tagartha;

— incrimint ghlan;

— asbhaint;

— caillteanais dho-athbhunaithe;

— athluacháil;

— athaicmiú don staidreamh;

— mír chomhardúcháin;

— stoc deiridh ag deireadh na bliana tagartha.

Foraois nach bhfuil ar fáil chun adhmad a sholáthar agus coillearnach eile, déanfar iad a mhiondealú a thuilleadh de réir an mhéid seo a leanas:

— stoc tosaigh ag tús na bliana tagartha;

— asbhaint;

— athruithe eile (idir stoic thosaigh agus stoic dheiridh);

▼M3

— stoc deiridh ag deireadh na bliana tagartha.

Tuairisceofar na sonraí ar fad i milliúin san airgeadra náisiúnta.

4. I gcás na gcuntas eacnamaíoch, tuairisceofar an t-aschur dá dtagraítear i Roinn 3 de réir an mhiondealaithe seo a leanas, agus táirgí á sainiú i dtéarmaí aicmiú táirgí de réir gníomhaíochta leagan 2.1:

— plandaí crann foraoise beo (táirge 02.10.11) agus síolta crann foraoise (táirge 02.10.12);

— crainn foraoise, a shainítear mar ghlan-incrimint an adhmaid i bhforaoisí saothraithe (táirge 02.10.30);

— adhmad neamhchóirithe (táirge 02.20.1), lena n-áirítear díolacháin adhmaid as foraoisí neamhshaothraithe, ina bhfuil na nithe seo a leanas atá le tuairisciú in dhá shraith ar leith:

(i) connadh (táirgí 02.20.14 agus 02.20.15);

(ii) lomáin, i.e. suim na lomán adhmaid bhuaircínigh (táirge 02.20.11), lomáin adhmaid neamhbhuaircínigh seachas adhmad trópaiceach (táirge 02.20.12), agus lomáin adhmaid thrópaicigh (táirge 02.20.13);

— táirgí fiáin-fháis nach táirgí adhmaid iad (táirge 02.30);

— seirbhísí saintréitheacha ghníomhaíocht na foraoiseachta agus na lománaíochta a shainítear mar sheirbhísí plandlainne crann foraoise (táirge 02.10.2), seirbhísí tacaíochta don fhoraoiseacht (táirge 02.4), agus aon seirbhísí eile a sholáthraíonn aonad príomhghníomhaíochta áitiúil (APG) de chuid thionscal na foraoiseachta;

— táirgí eile ó ghníomhaíochtaí tánaisteacha gaolmhara san APG áitiúil, amhail beacáin agus trufail (01.13.8), caora eile, torthaí den ghéineas vaccinium nach n-aicmítear in aon áit eile (01.25.19), rubar nádúrtha (01.29.10), adhmad neamhchóirithe lena n-áirítear cuaillí scoilte agus picéid (16.10.39), fioghual (20.14.72), seirbhísí anaclanna dúlra lena n-áirítear seirbhísí caomhnaithe fiadhúlra (91.04.12), agus aon táirge eile a tháirgeann APG áitiúil.

Tomhaltas idirmheánach thionscal na foraoiseachta agus na lománaíochta dá dtagraítear i Roinn 3, tuairisceofar é de réir an mhiondealaithe seo a leanas, agus táirgí á sainiú i dtéarmaí aicmiú táirgí de réir gníomhaíochta leagan 2.1:

— suim na bplandaí crann foraoise beo (táirge 02.10.11), síolta crann foraoise (táirge 02.10.12), agus crann foraoise (táirge 02.10.3) a úsáidtear chun adhmad a tháirgeadh;

— suim an fhuinnimh agus na mbealaithe, lena n-áirítear leictreachas (táirge 35.11.10), biotáille mhótair (gásailín) (táirge 19.20.21), gás nádúrtha – leachtaithe nó i staid ghásach (táirge 06.20.10), olaí peitriliam bhealaithe agus ullmhóidí troma nach n-aicmítear in áit ar bith eile (táirge 19.20.29), agus táirgí eile dá samhail;

— suim sheirbhísí saintréitheacha na foraoiseachta agus na lománaíochta lena n-áirítear seirbhísí plandlainne crann foraoise (táirge 02.10.2), seirbhísí tacaíochta don fhoraoiseacht (táirge 02.4), agus aon seirbhísí eile a sholáthraíonn APG áitiúil de chuid thionscal na foraoiseachta agus na lománaíochta;

— earraí agus seirbhísí eile nach gcuirtear san áireamh in aon cheann d'athróga an tomhaltais idirmheánaigh thuas.

▼M3

Déanfar athruithe i bhfardail thionscal na foraoiseachta agus na lománaíochta dá dtagraítear i Roinn 3 a thuairisciú de réir an mhiondealaithe seo a leanas:

— athruithe ar obair idir lámha ar shócmhainní bitheolaíocha saothraithe;

— athruithe eile ar fhardail.

Tuairisceofar na saintréithe ar fad i milliúin san airgeadra náisiúnta.

5. Déanfar sonraí maidir le coillearnach eile a thuairisciú ar bhonn deonach.

Roinn 6

UASRÉ NA nIDIRTHRÉIMHSÍ

Maidir le cur chun feidhme fhorálacha na hIarscríbhinne seo, is é 2 bhliain ón gcéad spriocdháta tarchuir, uasré na hidirthréimhse.

▼M3

IARSCRÍBHINN VIII

MODÚL LE hAGHAIDH CUNTAIS FHÓIRDHEONTAIS CHOMHSHAOIL AGUS AISTRITHE DÁ SAMHAIL

Roinn 1

CUSPÓIRÍ

Maidir le cuntais fhóirdheontais chomhshaoil agus aistrithe dá samhail, bailíonn siad agus cuireann siad i láthair sonraí faoi aistrithe reatha agus faoi aistrithe caipitil a bheartaítear chun tacú le gníomhaíochtaí lena gcosnaítear an comhshaol agus acmhainní nádúrtha, lena n-áirítear táirgeadh agus úsáid táirgí comhshaoil, ar bhealach atá ag luí le coincheapa agus sainmhínithe CEC 2010.

Sainítear leis an Iarscríbhinn seo na sonraí atá le bailiú, le tiomsú, le tarchur, agus a bhfuil meastóireacht le déanamh orthu, ag na Ballstáit le haghaidh cuntais fhóirdheontais chomhshaoil agus aistrithe dá samhail. Úsáidtear na sonraí sin freisin chun caiteachas náisiúnta i leith chosaint an chomhshaoil a thiomsú mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn IV.

Roinn 2

CUMHDACH

Íocaíochtaí neamhchúitithe ón rialtas ginearálta le hearnálacha institiúideacha (laistigh den gheilleagar intíre agus leis an gcuid eile den domhan) agus ó ghníomhaithe neamhchónaitheacha (an chuid eile den domhan), chun críche an comhshaol a chosaint nó úsáid agus asbhaint acmhainní nádúrtha a laghdú, déantar iad a thaifeadadh sna cuntais fhóirdheontais chomhshaoil agus aistrithe dá samhail.

Roinn 3

LIOSTA NA SAINTRÉITHE

Déanfaidh na Ballstáit cuntais fhóirdheontais chomhshaoil agus aistrithe dá samhail a ullmhú de réir na saintréithe seo a leanas:

— fóirdheontais (CEC 2010 cód D.3);

— aistrithe reatha eile (CEC 2010 cóid D.6 agus D.7);

— aistrithe caipitil (CEC 2010 cód D.9).

Tuairisceofar na sonraí ar fad i milliúin san airgeadra náisiúnta.

Roinn 4

AN CHÉAD BHLIAIN TAGARTHA, AN MHINICÍOCHT AGUS NA SPRIOCDHÁTAÍ TARCHUIR

1. Déanfar an staidreamh a thiomsú agus a tharchur ar bhonn bliantúil.

2. Déanfar an staidreamh a tharchur laistigh de 24 mhí ó dheireadh na bliana tagartha.

3. Chun riachtanais úsáideoirí le haghaidh tacair shonraí atá críochnúil agus tráthúil a shásamh, déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) meastacháin i leith iomláin an Aontais a chur ar fáil le haghaidh phríomh-chomhiomláin an mhodúil seo, agus sin chomh luath agus a bheidh sonraí leordhóthanacha ar fáil i ndáil le tíortha. I ngach cás inar féidir, déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) meastacháin le haghaidh sonraí nár tharchuir Ballstáit laistigh den spriocdháta a shonraítear i bpointe 2 a ullmhú agus a fhoilsiú.

4. Is é 2023 an chéad bhliain tagartha.

5. Sa chéad tarchur sonraí, déanfaidh Ballstáit sonraí bliantúla ó 2022 go dtí an chéad bhliain tagartha a áireamh.

▼M3

6. Le gach tarchur sonraí chuig an gCoimisiún ina dhiaidh sin, soláthróidh Ballstáit sonraí bliantúla le haghaidh na mblianta n-2, n-1 agus n, inarb ionann n agus an bhliain tagartha. Déanfaidh na Ballstáit sonraí a chur isteach an athuair le haghaidh na mblianta ó 2022 ar aghaidh tráth ar bith a athbhreithnítear na sonraí. Féadfaidh na Ballstáit aon sonraí atá ar fáil le haghaidh na mblianta roimh 2022 a sholáthar.

Roinn 5

TÁBLAÍ TUAIRISCITHE

1. I gcás na saintréithe dá dtagraítear i Roinn 3, tuairisceofar sonraí de réir an mhéid seo a leanas:

— an earnáil institiúideach íocaíochta, mar a leanas:

— an rialtas ginearálta;

— an chuid eile den domhan;

— an earnáil institiúideach fála, mar a leanas:

— an rialtas ginearálta;

— corparáidí;

— teaghlaigh;

— institiúidí neamhbhrabúsacha a fhónann do theaghlaigh;

— an chuid eile den domhan.

2. Maidir le gach ceann de na catagóirí tuairiscithe dá dtagraítear i bpointe 1, tuairisceofar sonraí de réir aicmí aicmiú na gníomhaíochtaí caomhnaithe comhshaoil (CEPA) agus de réir aicmí aicmiú na ngníomhaíochtaí bainistithe acmhainní (CReMA), agus iad grúpáilte mar a leanas:

— CEPA 1;

— CEPA 2;

— CEPA 3;

— CEPA 4;

— CEPA 5;

— CEPA 6 (lena n-áirítear CReMA 12 mar a bhí);

— suim CEPA 7, CEPA 8 agus CEPA 9;

— CReMA 10;

— CReMA 11;

— CReMA 13;

— CReMA 13A;

— CReMA 13B;

— CReMA 13C;

▼M3

— CReMA 14;

— suim CReMA 15 agus CReMA 16.

3. Déanfar aistrithe is infhaighte ag corparáidí ón rialtas ginearálta agus iad grúpáilte de réir shuim aicmí uile CEPA (CEPA 1-9) agus aicmí uile CReMA (CReMA 10-16) a ghrúpáil tuilleadh de réir aicmiú na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Rev. 2 mar a leanas:

— NACE A – talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht;

— NACE B – mianadóireacht agus cairéalacht;

— NACE C – monaraíocht;

— NACE D – soláthar leictreachais, gáis, gaile agus aerchóiriúcháin;

— NACE E – soláthar uisce, séarachas, bainistiú dramhaíola agus feabhsúchán;

— NACE F – tógáil;

— NACE G – trádáil mórdhíola agus miondíola, deisiú mótarfheithiclí agus gluaisrothar;

— NACE H – Iompar agus stóráil;

— NACE I-U – ranna eile NACE.

4. Aicmí CEPA dá dtagraítear i bpointí 2 agus 3, is mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV atá siad; tá na haicmí CReMA mar a leagtar amach in Iarscríbhinn V.

Roinn 6

UASRÉ NA nIDIRTHRÉIMHSÍ

Maidir le cur chun feidhme fhorálacha na hIarscríbhinne seo, is é 2 bhliain ón gcéad spriocdháta tarchuir, uasré na hidirthréimhse.

▼M3

IARSCRÍBHINN IX

MODÚL LE hAGHAIDH NA gCUNTAS ÉICEACHÓRAIS

Roinn 1

CUSPÓIRÍ

Le cuntais éiceachórais cuirtear sonraí ar fáil maidir le fairsinge agus riocht na sócmhainní éiceachórais agus na seirbhísí a sholáthraíonn siad don tsochaí agus don gheilleagar. Tá na sonraí ag teacht le CCEC-CE agus tá siad comhoiriúnach leis na sonraí a thuairiscítear faoi CEC 2010.

Úsáideann cuntais éiceachórais faisnéis atá ann cheana nuair is féidir, lena n-áirítear faisnéis ó Fhaire na Cruinne, tuairisciú comhshaoil agus foinsí eile sonraí.

Roinn 2

CUMHDACH

Déantar taifead i gcuntais éiceachórais ar fhairsinge na n-éiceachóras, ar riocht na n-éiceachóras, agus ar shreafaí na seirbhísí éiceachórais.

Is éard atá i bhfairsinge an éiceachórais, méid dhromchla na n-éiceachóras. I gcuntais fairsinge éiceachóras, cumhdaítear éiceachórais talún (lena n-áirítear éiceachórais fionnuisce) agus éiceachórais mhuirí sa chríoch náisiúnta.

Is ionann riocht an éiceachórais agus cáilíocht éiceachórais a thomhaistear i dtéarmaí aibitheacha, bitheacha agus tírdhreacha, de réir chineálacha éiceachórais.

Is éard is seirbhísí éiceachórais ann na tairbhí a chuireann éiceachórais ar fáil do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha agus do ghníomhaíochtaí daonna eile. Áirítear leo sin (i) seirbhísí soláthair, (ii) seirbhísí rialála agus cothabhála, agus (iii) seirbhísí cultúir. Le cuntais seirbhísí éiceachórais, déantar taifead ar sholáthar agus úsáid iarbhír na seirbhísí éiceachórais a sholáthraíonn na héiceachórais sa chríoch náisiúnta.

Is éard is cuntais théamacha ann cuntais a eagraíonn sonraí de réir téamaí sonracha beartais, cur i gcás an bhithéagsúlacht, an t-athrú aeráide, na haigéin agus ceantair uirbeacha.

Roinn 3

LIOSTA NA SAINTRÉITHE

Déanfaidh na Ballstáit cuntais éiceachórais a ullmhú de réir na saintréithe seo a leanas:

1. Cuntais fairsinge éiceachóras ina dtaifeadtar an dromchla agus an t-athrú ar an dromchla le haghaidh gach cineáil éiceachórais laistigh den chríoch náisiúnta. Is i mílte heicteár a thuairisceoidh na Ballstáit na cuntais fairsinge éiceachóras.

2. Mar chomhpháirt de na cuntais fairsinge éiceachóras, beidh maitrís chomhshóiteachta ina dtaifeadtar comhshónna idir cineálacha éiceachórais idir dhá phointe ama, i heicteáir.

3. Cuntais reachta éiceachórais ina dtaifeadtar saintréithe an éiceachórais mar a leanas:

   (a) i gcás lonnaíochtaí agus limistéir shaorga eile:

   — déanfar limistéir ghlasa i gcathracha agus i mbailte agus bruachbhailte cóngaracha a thuairisciú i gcéatadán den dromchla iomlán, arna ríomh le haghaidh dromchla iomlán na gcathracha agus na mbailte agus na mbruachbhailte máguaird, lena n-áirítear gach cineál éiceachórais sa limistéar sin;

   — tuairisceofar tiúchan ábhair cháithnínigh, a bhfuil trastomhas suas le 2,5 μm aige i gcathracha, in $\mu g/m^3$ mar mheán náisiúnta le haghaidh na tréimhse tuairiscithe.

▼M3

(b) i gcás talamh curaíochta:

— déanfar stoc carbóin orgánaigh ithreach sa bharrithir a thuairisciú i dtonna/ha, mar mheán náisiúnta le haghaidh na tréimhse tuairiscithe;

(c) i gcás féarthalaimh:

— déanfar stoc carbóin orgánaigh ithreach sa bharrithir a thuairisciú i dtonna/ha, mar mheán náisiúnta le haghaidh na tréimhse tuairiscithe;

(d) i gcás talamh curaíochta agus féarthalamh le chéile:

— déanfar innéacs éanlaithe coiteann talaimh feirme a thuairisciú mar innéacs comhiomlán náisiúnta le haghaidh na tréimhse tuairiscithe;

(e) i gcás foraoise agus coillearnaí:

— déanfar adhmad marbh a thuairisciú i m3/ha, mar mheán náisiúnta le haghaidh na tréimhse tuairiscithe;

— déanfar dlús cumhdaigh na gcrann a thuairisciú i gcéatadán, mar mheán náisiúnta le haghaidh na tréimhse tuairiscithe;

— innéacs na n-éan coiteann foraoise; leis an innéacs éan foraoise, tugtar tuairisc ar threochtaí i líonmhaireacht na n-éan coiteann foraoise ar fud a réimsí Eorpacha in imeacht ama; is innéacs ilchodach é a cruthaíodh ó shonraí breathnóireachta ar speicis éan saintréitheach ghnáthóga foraoise na hEorpa; tá an t-innéacs bunaithe ar liosta sonrach speiceas i ngach Ballstát;

(f) i gcás tránna, dumhcha agus bogach cois cósta:

— maidir leis sciar dromchla an chumhdaigh neamh-thréscaoiltigh shaorga sa limistéar cósta lena n-áirítear tránna, dumhcha agus bogaigh cósta de chineál éiceachórais, déanfar é a thuairisciú i gcéatadán mar mheán náisiúnta le haghaidh na tréimhse tuairiscithe.

Is aonaid riaracháin áitiúla iad cathracha, bailte agus bruachbhailte, agus iad á n-aicmiú de réir leibhéal na típeolaíochta uirbiúcháin a leagtar amach i Rialachán (AE) 2017/2391 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

4. Cuntais seirbhísí éiceachórais ina dtaifeadtar soláthar agus úsáid seirbhísí éiceachórais i dtáblaí soláthair agus úsáide. Sa tábla soláthair, déanfar taifead ar sholáthar seirbhísí éiceachórais ó na héiceachórais go dtí na córais shocheacnamaíocha. Déanfar úsáid seirbhísí éiceachórais de réir an chineáil úsáide a shainmhínítear i Roinn 5 a thaifeadadh sa tábla úsáide.

Tuairisceofar na táblaí soláthair agus úsáide sna haonaid fhisiceacha seo a leanas.

(a) Seirbhísí soláthair

— Sainmhínítear “soláthar barr” mar an méid a chuireann an t-éiceachóras le fás plandaí arna neasú le méid na mbarr arna mbuain i gcás úsáidí éagsúla. Áirítear leis sin táirgeadh bia agus snáithíní, farae agus fuinneamh, agus bithmhais innilte, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III, Tábla A, Ranna 1.1 agus 1.2.

— Sainmhínítear “pailniú” mar an méid a chuireann pailneoirí fiáine le táirgeadh na mbarr dá dtagraítear sa chead fhleasc. Déanfar an rann-chuidiú a thuairisciú i dtonnaí de bharra atá spleách ar phailneoirí agus is féidir a chur i leith pailneoirí fiáine, de réir an chineáil bairr i gcás na bpríomhchineál barr atá spleách ar phailneoirí, lena n-áirítear crainn torthaí, caora, trátaí, olashíolta agus “eile”.

([1]) Rialachán (AE) 2017/2391 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 a mhéid a bhaineann leis na típeolaíochtaí críochacha (Tercet) (IO L 350, 29.12.2017, lch. 1).

▼M3

— Sainmhínítear “soláthar adhmaid” mar an méid a chuireann an t-éiceachóras le fás crann agus bithmhais adhmaid eile agus déanfar é a thuairisciú mar ghlan-incrimint in adhmad lena choirt, i mílte m^3, de réir mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn VII.

(b) Seirbhísí rialála agus cothabhála

— Sainmhínítear “scagachán aeir” mar an méid a chuireann an t-éiceachóras le truailleáin aeriompartha a scagadh trí truailleáin a bheith á ndeascadh, á nglacadh, á socrú agus á stóráil ag comhpháirteanna éiceachórais (go háirithe crainn). Maolaíonn sé sin éifeachtaí díobhálacha na dtruailleán. Déanfar na rannchuidithe a thuairisciú i dtonnaí ábhair cháithnínigh arna n-asú.

— Sainmhínítear “rialú domhanda na haeráide” mar an méid a chuireann an t-éiceachóras le tiúchain na ngás ceaptha teasa san atmaisféar a laghdú trí charbón a bhaint (glan-cheapadh) ón atmaisféar agus trí charbón a choinneáil (stóráil) in éiceachórais. Déanfar na rannchuidithe a thuairisciú i dtéarmaí tonnaí glan-cheaptha carbóin agus tonnaí de charbón orgánach atá stóráilte in éiceachórais talún, lena n-áirítear os cionn an talaimh agus stoc faoi thalamh.

— Sainmhínítear “rialú áitiúil na haeráide” mar an méid a chuireann an t-éiceachóras le rialú dálaí timpeallachta atmaisféaracha i limistéir uirbeacha trí fhásra a fheabhsaíonn dálaí maireachtála daoine agus a thacaíonn le táirgeadh eacnamaíoch. Sloinnfear agus tuairisceofar é mar an laghdú ar an teocht i gcathracha, a bhuí le héifeacht an fhásra uirbigh, i gcéimeanna Celsius ar laethanta os cionn 25 chéim Celsius.

(c) Seirbhísí cultúir

— Sainmhínítear “seirbhísí turasóireachta dúlra-bhunaithe” mar rannchuidiú an éiceachórais, go háirithe trí shaintréithe agus trí cháilíochtaí bithfhisice na n-éiceachóras, a chuireann ar chumas daoine leas a bhaint as an gcomhshaol agus taitneamh a bhaint as trí idirghníomhaíochtaí díreacha, *in situ*, fisiceacha agus taithíocha leis an gcomhshaol. Déanfar na rannchuidithe sin a thuairisciú i líon na bhfanachtaí thar oíche in óstáin, i mbrúnna, i láithreacha campála, etc. is féidir a chur i leith cuairteanna ar éiceachórais.

5. Úsáidfear an tábla seo a leanas de chineálacha éiceachórais sna cuntais éiceachórais:

Catagóir	Cineál éiceachórais
1	Lonnaíochtaí agus limistéir shaorga eile
2	Talamh curaíochta
3	Féarthalamh (féaraigh, féarthalamh leathnádúrtha agus nádúrtha)
4	Foraois agus coillearnach
5	Fraochmhánna agus tor
6	Éiceachórais fásra scáinte
7	Bogaigh intíre
8	Aibhneacha agus canálacha
9	Lochanna agus taiscumair
10	Ionraoin mhuirí agus uiscí trasdultacha
11	Tránna, dumhcha agus bogaigh cois cósta
12	Éiceachórais mhuirí (uiscí cósta, uiscí scairbhe agus aigéan oscailte)

▼M3

Roinn 4

AN CHÉAD BHLIAIN TAGARTHA, AN MHINICÍOCHT AGUS NA SPRIOCDHÁTAÍ TARCHUIR

1. Déanfar an staidreamh a thiomsú agus a tharchur:

   — gach 3 bliana le haghaidh cuntais fairsinge éiceachóras agus cuntais reachta éiceachórais; déanfar tagairt sna sonraí do mheán ionadaíoch le haghaidh na bliana tagartha, agus don mhaitrís chomhshóiteachta a léiríonn an t-athrú sna 3 bliana idir 2 bhliain tagartha;

   — ar bhonn bliantúil, ar choinníoll go gcuireann an Coimisiún (Eurostat) uirlisí samhaltúcáin ar fáil chun seirbhísí éiceachórais a ríomh le haghaidh cuntais seirbhísí éiceachórais. in éagmais na n-uirlisí sin, gach 3 bliana i dtaca le cuntais seirbhísí éiceachórais.

2. Déanfar an staidreamh a tharchur laistigh de 24 mhí ó dheireadh na bliana tagartha.

3. Chun riachtanais úsáideoirí le haghaidh tacair shonraí atá críochnúil agus tráthúil a shásamh, déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) meastacháin i leith iomláin an Aontais a chur ar fáil, agus sin chomh luath agus a bheidh sonraí leordhóthanacha ar fáil i ndáil le tíortha. I ngach cás inar féidir, déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) meastacháin le haghaidh sonraí nár tharchuir Ballstáit laistigh den spriocdháta a shonraítear i bpointe 2 a ullmhú agus a fhoilsiú.

4. Is é 2024 an chéad bhliain tagartha. I gcás na maitríse comhshóiteachta, is é 2027 an chéad bhliain tagartha.

5. Sa chéad tarchur sonraí, is in aonaid fhisiceacha a áireoidh na Ballstáit sonraí ó 2024 maidir le cuntais fairsinge agus cuntais reachta agus maidir le táblaí soláthair agus úsáide i dtaca le seirbhísí éiceachórais. A mhéid a bhaineann leis an maitrís comhshóiteachta, léireoidh na sonraí na hathruithe idir 2024 agus 2027.

6. Le gach tarchur sonraí chuig an gCoimisiún ina dhiaidh sin, soláthróidh Ballstáit sonraí cuntas seirbhísí, fairsinge agus reachta éiceachóras le haghaidh na mblianta n-3 agus n, inarb ionann n agus an bhliain tagartha. Déanfaidh na Ballstáit sonraí a chur isteach an athuair ó 2024 ar aghaidh tráth ar bith a athbhreithnítear na sonraí. Féadfaidh na Ballstáit aon sonraí atá ar fáil le haghaidh na mblianta roimh 2024 a sholáthar.

Roinn 5

TÁBLAÍ TUAIRISCITHE

1. Cuntais fairsinge éiceachóras: maidir le gach cineál éiceachórais dá dtagraítear i Roinn 3, tuairisceofar sonraí sa chéad tarchur le haghaidh na chéad bhliana tagartha. I gcás gach tarchuir sonraí ina dhiaidh sin, déanfar na sonraí a thuairisciú mar a leanas:

   — fairsinge sa bhliain tagartha roimhe sin;

   — méaduithe;

   — laghduithe;

   — fairsinge sa bhliain tagartha reatha.

   Tuairisceoidh an mhaitrís chomhshóiteachta idir gach cineál éiceachórais dá dtagraítear i Roinn 3 idir an bhliain tagartha roimhe sin agus an bhliain tagartha reatha.

2. Cuntais seirbhísí éiceachórais: le haghaidh cuntais seirbhísí éiceachórais dá dtagraítear i Roinn 3, tuairisceofar sonraí i dtáblaí soláthair agus úsáide mar a leanas:

   (a) tábla soláthair ina dtaifeadtar soláthar bliantúil na seirbhísí dá dtagraítear i Roinn 3 de réir gach cineáil éiceachórais dá dtagraítear i Roinn 3, ach amháin catagóirí 10 agus 12;

▼M3

(b) tábla úsáide ina dtaifeadtar úsáid seirbhísí éiceachórais de réir an mhiondealaithe seo a leanas:

— tomhaltas idirmheánach na dtionscal;

— tomhaltas deiridh an rialtais;

— tomhaltas deiridh teaghlach;

— foirmiú ollchaipitil;

— onnmhairí.

3. Ní bheidh oibleagáid ar Bhallstát sonraí a thuairisciú más rud é nach mó a dhromchla talún iomlán ná 0,3 % de dhromchla talún iomlán an Aontais.

Roinn 6

UASRÉ NA nIDIRTHRÉIMHSÍ

Maidir le cur chun feidhme fhorálacha na hIarscríbhinne seo, is é 2 bhliain ón gcéad spriocdháta tarchuir, uasré na hidirthréimhse.